1831-2780



SIGNALS 2012

# An todhchaí atá uainn a fhorbairt

An Ghníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach

Dearadh an chlúdaigh: INTRASOFT International S.A
Leagan amach: INTRASOFT International S.A/EEA

**Fógra dlíthiúil**
Níor ghá go léireodh ábhar an fhoilseacháin seo tuairimí oifigiúla an Choimisiúin Eorpaigh nó institiúidí eile de chuid an Aontais Eorpaigh. Níl an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil nó aon duine nó cuideachta ag gníomhú thar ceann na Gníomhaireachta freagrach as ucht an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as an eolas atá cuimsithe sa tuarascáil seo.

**Fógra cóipchirt**
© EEA, Cóbanhávan, 2012
Údaraítear atáirgeadh, ar an gcoinníoll go dtugtar aitheantas don fhoinse, seachas sa chás go sonraítear a mhalairt.

Lucsamburg: Oifig Foilseachán Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, 2012

ISBN 978-92-9213-259-0
doi:10.2800/30983

**Táirgeadh comhshaoil**
Tá an foilseachán seo curtha i gcló faoi réir ardchaighdeáin chomhshaoil.

**Priontáilte ag Rosendahls-Schultz Grafisk**
— Arna chur i gcló: DS/EN ISO 14001: 2004
— Teastas um Bainistíocht Chomhshaoil: DS/EN ISO 9001: 2008
— Teastas Cáilíochta DK – 000235
— Éicilipéadú leis an Nordic Swan, uimhir cheadúnais 541 176
— Teastas FSC - cód ceadúnais FSC C0688122

**Páipéar**
Cocoon Offset — 100 gsm.
Cocoon Offset — 250 gsm.

*Priontáilte sa Danmhairg*

## Féadfaidh tú teacht orainn

Tríd an r-phost: **signals@eea.europa.eu**
Ar láithreán Gréasáin an EEA: **www.eea.europa.eu/signals**
Ar Facebook: **www.facebook.com/European.Environment.Agency**
Ordaigh do chóip shaor in aisce ag Siopa Leabhar an AE: **www.bookshop.europa.eu**

RIO+20
United Nations Conference on Sustainable Development

European Environment Agency

# Clár Ábhair


**Eagarfhocal** Ár ngeilleagar a ghlasú 4

An bóthar i dtreo na hinbhuanaitheachta domhanda 10

Ag maireachtáil i sochaí an tomhaltais 18

Ón mianach go dramhaíl, agus lastall 28

**Gar-amharc** Dramhaíl bhia 38

**Agallamh** Dramhaíl sa Ghraonlainn 42

An praghas 'ceart' a shocrú? 46

**Gar-amharc** An bhfuil sé stuama ó thaobh cúrsaí gnó? 58

Áitiúil agus domhanda 62

**Agallamh** Dearcadh Eorpach faoin inbhuanaitheacht 74




# Eagarfhocal





# Ár ngeilleagar a ghlasú

**Cuimhneoidh formhór na ndaoine ar 2011 mar an bhliain ina raibh suaitheadh airgeadais, tubaiste creatha talún – súnámaí – núicléach na Seapáine, tíortha á dtarrtháil san Eoraip agus agóidí ollmhóra i ndáil le hEarrach na nArabach, gluaiseacht gabhála Wall Street agus Indignados na Spáinne. Ní mórán daoine a chuimhneoidh uirthi mar an bhliain inar aimsigh eolaithe os cionn 18,000 speiceas nua atá ag maireachtáil ar ár bpláinéad. Is lú arís líon na ndaoine ar féidir leo speiceas amháin a ainmniú a dearbhaíodh go bhfuil sé díothaithe.**

Shilfeá ar dtús nach bhfuil baint dá laghad ag speicis faoi bhagairt le cúinsí geilleagracha. Nuair a fhéachtar níos géire air, áfach, tuigimid na naisc idir an dá rud. Tá 'dea-shláinte' na gcóras nádúrtha ina réamhchoinníoll do 'dhea-shláinte' ár gcóras sóisialta agus geilleagrach. An féidir a rá go bhfuil sochaí faoi bhláth nuair is ann do thruailliú aeir agus uisce agus fadhbanna sláinte gaolmhara dá ndeasca? Mar an gcéanna, an féidir le sochaí 'feidhmiú' má tá cuid mhór daoine dífhostaithe nó ag sracadh leis an saol?

In ainneoin bearnaí agus éiginnteachtaí tuisceana againn, tugaimid faoi deara go bhfuil ár ndomhan ag athrú. Tar éis cobhsaíocht choibhneasta ar feadh 10,000 bliain, tá an mheánteocht dhomhanda ag ardú. Cé go bhfuil astuithe gáis cheaptha teasa an Aontais Eorpaigh ag laghdú, scaoileann breoslaí iontaise níos mó gáis cheaptha teasa isteach san atmaisféar ná mar is féidir leis an talamh agus na haigéin a shú isteach. Tá ceantair áirithe níos somhillte maidir le tionchair fhéideartha an athraithe aeráide — agus is minic gurb iad sin tíortha nach bhfuil ullmhaithe in aon slí le dul i in oiriúint do dhálaí nua aeráide.

Agus breis is seacht mbilliún duine ar domhan, níl aon amhras ann ach go bhfuil ról ag an duine maidir leis an athrú sin a stiúradh agus a luathú. Déanta na fírinne, is féidir go bhfuil ár leibhéil tomhaltais agus táirgthe reatha ag déanamh díobháil don chomhshaol sa dóigh go bhfuil baol ann nach mbeidh an-chuid speiceas in ann maireachtáil ann — lena n-áirítear an duine féin fiú. Is mian le cuid mhór daoine i dtíortha i mbéal forbartha stíleanna maireachtála a bheith acu atá cosúil leo sin sna tíortha forbartha, rud a d'fhéadfadh brú breise a chur ar ár gcórais nádúrtha.

Tá an bhithéagsúlacht dhomhanda á cailliúint de réir ráta nach bhfacthas riamh cheana i stair an domhain. Is féidir go bhfuil na rátaí díothaithe níos mó ná 1,000 uair níos airde ná ráta an chúlra stairiúil. Tá scriosadh na ngnáthóg ar cheann de na príomhchúiseanna leis sin.

Cé go bhfuil achar iomlán na bhforaoisí ag méadú san Eoraip le blianta beaga anuas, scéal difriúil ar fad atá ann ar fud na coda eile den domhan. Measann Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe go leagtar tuairim is 13 mhilliún heicteár d'fhoraoisí an domhain (arb ionann é agus achar na Gréige nach beag) le go mbainfí talamhúsáidí eile astu, cosúil le heallaí ar féarach, mianadóireacht, feirmeoireacht nó forbairt uirbeach. Ní hiad na foraoisí an t-aon éiceachóras atá faoi bhagairt. Is iomaí gnáthóg nádúrtha eile atá i mbaol de dheasca ghníomhaíochtaí an duine.





## An tslí chun cinn: geilleagar glas cuimsitheach

Nuair is bia a chur ar an mbord agus leanaí a chur chun na scoile, le go mbeidh todhchaí níos fearr acu, an phríomhchúis imní ag na billiúin duine ó lá go lá, seans nach bhfuil sé de rogha ag cuid mhór daoine gan réitigh ghearrthéarmacha a thapú. Ach amháin dá ndéanfaí deiseanna eile níos fearr a thairiscint dóibh, b'fhéidir...

Tá sé soiléir go bhfuil acmhainní nádúrtha ag teastáil dár ngníomhaíochtaí geilleagracha. Ach i gcás an comhshaol a chaomhnú agus an geilleagar a fhorbairt — ní fíor go bhfuil an dá rogha seo ag teacht salach ar a chéile. San fhadtéarma, tá gá le bainistíocht inbhuanaithe ar acmhainní nádúrtha ar mhaithe le forbairt gheilleagrach agus shóisialta.

Ag deireadh 2011, bhí duine as gach deichniúr dífhostaithe san Aontas Eorpach. Duine as gach cúigear a bhí i gceist i gcás daoine óga. Cuireann an dífhostaíocht brú mór ar dhaoine, ar theaghlaigh agus ar an tsochaí trí chéile. Bhí nach mór ceathrú de dhaonra an AE i mbaol na bochtaineachta nó an eisiata shóisialta i 2010. Tá na rátaí bochtaineachta domhanda níos airde fiú.

Ní chuirtear an-chuid de na buntáistí a sholáthraíonn comhshaol sláintiúil dúinn san áireamh inár samhlacha geilleagracha reatha. Tá an olltáirgeacht intíre (OTI) — an táscaire geilleagrach is mó a úsáidtear chun leibhéal forbartha, caighdeán saoil agus stádas tíre a mheas i gcomparáid le tíortha eile — bunaithe ar luach an aschuir gheilleagraigh. Ní áirítear léi an costas sóisialta ná daonna a íocaimid as na fo-iarmhairtí a ghabhann le gníomhaíocht gheilleagrach, cosúil le haerthruailliú. Os a choinne sin, cuimsítear mar ranníocaíocht dhearfach le OTI na seirbhísí sláinte a sholáthraítear do na daoine sin a bhfuil galair riospráide orthu.

Is é an dúshlán atá ann ná a fháil amach conas is féidir linn ár samhlacha geilleagracha a athdhearadh le go spreagfar fás agus feabhas ar cháilíocht na beatha ar fud na cruinne gan dochar a dhéanamh don chomhshaol, leasanna ghlúine na todhchaí á gcosaint ag an am céanna. Tugtar 'an geilleagar glas' ar an réiteach sin.

Cé gur cosúil gur coincheap simplí atá ann, tá sé i bhfad níos deacra é a chur i bhfeidhm i ndáiríre. Is soiléir go mbeidh gá le nuálaíocht theicneolaíoch. Ach beidh gá le go leor athruithe eile, freisin — an tslí ina n-eagraítear gnóthaí; an tslí ina ndeartar cathracha; an tslí ina n-iompraítear daoine agus earraí mórthimpeall na háite; go bunúsach, an tslí ina mairimid.

Dá gcuirimis in iúl i dtéarmaí gnó é, ní mór dúinn inbhuanaitheacht fhadtéarmach a chinntiú i ngach réimse den chruthú saibhris: caipiteal nádúrtha, caipiteal daonna, caipiteal sóisialta agus monaraithe, chomh maith le caipiteal airgeadais. Is féidir coincheap an gheilleagair ghlais a mhíniú freisin trí mheán na gcaipiteal sin ar caipitil ar leith iad cé go bhfuil baint acu le chéile.

Agus measúnú á dhéanamh ar chostais agus ar thairbhí ár gcinntí, beidh orainn féachaint ar an tionchar ar gach stoc caipitil. D'fhéadfadh go méadóidh infheistíochtaí i mbóithre agus i monarchana ár gcaipiteal monaraithe ach is féidir leo díobháil a dhéanamh dár saibhreas iomlán más amhlaidh go mbeidh foraoisí (cuid dár gcaipiteal nádúrtha) á milleadh nó díobháil á dhéanamh don tsláinte phoiblí (cuid den chaipiteal daonna) dá mbarr.

## Deiseanna amach romhainn

Tríd an tslí ina mairimid, ina dtáirgimid agus ina n-úsáidimid rudaí a athrú cuirfear deiseanna nua os ár gcomhair amach. In Signals 2012 tabharfar forléargas ar an staid ina bhfuilimid inniu, cruinn díreach 20 bliain tar éis Chruinniú Mullaigh na Cruinne 1992 in Rio de Janeiro, an Bhrasaíl. Sonrófar ann conas atá an geilleagar agus an comhshaol nasctha agus cén fáth a mbeidh orainn ár ngeilleagar a ghlasú. Tabharfar éachaint ann freisin ar éagsúlacht leathan na ndeiseanna atá ar fáil.

Níl aon réiteach amháin ann a chabhróidh linn aistriú tapa a dhéanamh ná a réiteoidh gach fadhb. Seachas comhspriocanna foriomlána chun dramhaíl a bhainistiú go héifeachtach, is féidir go mbeadh ar bhainistíocht dramhaíola na Graonlainne aghaidh a thabhairt ar chás an-difriúil ar an talamh i gcomparáid le cás Lucsamburg.

Tá ról ríthábhachtach ag an tráthúlacht anseo. Sa lá atá inniu ann, tá réitigh uainn trína dtabharfar aghaidh ar na fadhbanna comhshaoil a ghabhann le teicneolaíocht an lae inniu, ag cur san áireamh go gcaithfear ár gcinntí beartas agus gnó a fheabhsú agus a athrú ar bhonn leanúnach le go gcoimeádfar suas leis an bhforás ar ár dtuiscint ar an gcomhshaol agus ar fhorbairtí teicneolaíochta. Ach is iomaí réiteach atá ann cheana féin. Agus tá a thuilleadh le teacht.


## Ceist roghanna

I ndeireadh na dála, is ceist roghanna a bheidh ann — roghanna beartas, roghanna gnó agus roghanna tomhaltóirí. Ach conas is féidir linn an rogha is fearr a dhéanamh?

An bhfuil an fhaisnéis agus na huirlisí againn chun beartais chuí a fhorbairt? An bhfuil aghaidh á tabhairt againn ar an gceist ar an leibhéal 'ceart'? An bhfuil na dreasachtaí nó comharthaí margaidh 'cearta' againn d'fhonn infheistiú i bhfuinnimh in-athnuaite? An bhfuil an fhaisnéis 'cheart' nó na lipéid 'chearta' ar na hearraí atá á gceannach againn le gur féidir linn an ceann níos glaise á roghnú?

Beidh an méid atá ar eolas againn agus cathain a bhfaighimid an t-eolas sin ríthábhachtach chun cabhrú le pobail éagsúla na roghanna 'cearta' a dhéanamh. I ndeireadh na dála, is é an t-eolas a chuirfidh ar ár gcumas ár réitigh a chruthú agus deiseanna nua a chur ar fáil trí iad a roinnt le daoine eile.

**An tOllamh Jacqueline McGlade,**
Stiúrthóir Feidhmiúcháin






## Le tuilleadh faisnéise a fháil

- Maidir le díospóireachtaí domhanda agus Eorpacha ar an ngeilleagar glas, féach **unep.org/greeneconomy** agus **www.beyond-gdp.eu**
- Féach freisin an tuarascáil bhliantúil nua de chuid an EEA maidir le táscairí Dírítear in 2012 ar an ngeilleagar glas.
- Maidir leis an gcreat cúig chaipiteal, féach **'Forum for the future'**.

# An bóthar i dtreo na hinbhuanaitheachta domhanda





# An bóthar i dtreo na hinbhuanaitheachta domhanda

**Chabhraigh rialachas comhshaoil ar feadh dhá scór bliain linn institiúidí a fhorbairt d'fhonn tuiscint níos fearr a fháil ar fhadhbanna comhshaoil agus dul i ngleic leo. Fiche bliain tar éis Chruinniú Mullaigh na Cruinne in 1992, tháinig ceannairí domhanda le chéile arís in Rio de Janeiro chun an tiomantas domhanda don gheilleagar glas a athnuachan agus feabhas a chur ar rialachas domhanda.**

Is ag Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar an Timpeallacht Dhaonna (Stócólm, 1972) a tháinig an pobal idirnáisiúnta le chéile den chéad uair d'fhonn riachtanais dhomhanda comhshaoil agus forbartha a phlé. Bunaíodh Clár Comhshaoil na Náisiún Aontaithe (UNEP), a bheidh ag ceiliúradh 40 bliain ar an bhfód in 2012, tar éis na comhdhála sin, agus bunaíodh aireachtaí comhshaoil i mórán tíortha ar fud an domhain mar thoradh uirthi chomh maith.

Baineann daoine éagsúla bríonna éagsúla as forbairt inbhuanaithe. Mar sin féin, sainbhrí amháin a baineadh aisti i gcás suntasach ó 1987 ná: 'Forbairt a shásaíonn riachtanais na linne seo gan dochar a dhéanamh d'ábaltacht na nglún atá le teacht a riachtanais féin a shásamh' (tuarascáil Choimisiún Brundtland Our Common Future (Ár gComhthodhchaí)). Ní amhlaidh gur leasa geilleagracha amháin iad na 'riachtanais' sin ach is dúshraith chomhshaoil agus shóisialta iad chomh maith a chuireann bonn agus taca faoin rathúlacht dhomhanda.


I Meitheamh 1992, tháinig lucht déanta cinntí ó 172 tír le chéile in Rio de Janeiro do Chomhdháil na Náisiún Aontaithe ar Chomhshaol agus Forbairt. Bhí a dteachtaireacht soiléir: 'beidh orainn ar a laghad ár ndearcadh agus ár n-iompraíocht a athrú le go gcomhlíonfar na hathruithe riachtanacha'. Uair chinniúnach a bhí i gCruinniú Mullaigh na bliana 1992 maidir le saincheisteanna comhshaoil agus forbartha a chur os comhair an phobail.

Chuir an Cruinniú Mullaigh bonn faoi an-chuid de na mór-chomhaontuithe idirnáisiúnta ar an gcomhshaol:

- Clár 21 — plean gníomhaíochta don fhorbairt inbhuanaithe
- Dearbhú Rio maidir leis an gComhshaol agus Forbairt
- an Ráiteas um Prionsabail Foraoiseachta
- Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide
- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir leis an Éagsúlacht Bhitheolaíoch
- Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe chun an Gaineamhlú a Chomhrac

Fiche bliain tar éis Chruinniú Mullaigh stairiúil Rio, tagann pobal an domhain le chéile arís d'fhonn tuilleadh plé agus cinntí a dhéanamh maidir le conas dul chun cinn. Beidh Cruinniú Mullaigh na Cruinne 2012 ar an gceathrú cruinniú dá leithéid agus is cloch mhíle eile atá ann sna hiarrachtaí idirnáisiúnta atá á ndéanamh chun forbairt inbhuanaithe a bhaint amach. Tugtar tús áite ar an gclár oibre don gheilleagar glas agus don rialachas comhshaoil domhanda.

Níl aon bhealach gasta agus éasca le hinbhuanaitheacht a bhaint amach. Beidh comhiarracht ag teastáil ón lucht déanta beartas, ó na gnóthaí agus ó na saoránaigh chun an ceann scríbe sin a bhaint amach. I gcásanna ar leith, beidh ar an lucht déanta beartas dreasachtaí a sholáthar chun an nuálaíocht a chur chun cinn, nó tacaíocht a thabhairt do ghnóthaí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.



**‘Táim ag labhairt thar ceann breis agus leath de mhuintir an domhain. Sinne an tromlach ciúin. Tá suíochán tugtha agaibh dúinn sa halla seo, ach níl ár n-ábhair spéise ar an mbord. Cad a chaithfear a dhéanamh le bheith rannpháirteach ar bhonn cothrom anseo? Brústocairí? Tionchar corparáideach? Airgead? Tá idirbheartaíocht ar bun agaibh ar feadh mo shaoil. Le linn an ama sin, theip oraibh gealltaí a shásamh, níor bhain sibh spriocanna amach, agus is iomaí gealltanas atá briste agaibh.’**

**Anjali Appadurai,** mac léinn i gColáiste an Atlantaigh, ag labhairt thar ceann eagraíochtaí neamhrialtasacha óige an 9 Nollaig 2011, in Durban, an Afraic Theas

**An lá deiridh de Chomhdháil na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide**





I gcásanna eile, b'fhéidir go mbeidh ar thomhaltóirí íoc as na costais bhreise a ghabhann le próisis táirgthe níos inbhuanaithe. D'fhéadfadh go mbeadh orthu brú níos mó a chur ar dhéantúsóirí na mbrandaí is ansa leo nó táirgí níos inbhuanaithe a roghnú. B'fhéidir go mbeadh ar ghnóthais próisis táirgthe ghlana a fhorbairt agus iad a easpórtáil ar fud an domhain.

## Fadhbanna casta, réitigh chasta

Is léiriú ar na castachtaí atá sa chomhshaol í an chastacht atá inár struchtúir chinnteoireachta dhomhanda. Is deacair an chothromaíocht cheart a fháil idir reachtaíocht, dreasachtaí earnála príobháidí agus roghanna tomhaltóirí. Mar an gcéanna, is deacair an 'leibhéal ceart' a aimsiú le díriú air — agus réimse leibhéal i gceist ón leibhéal áitiúil go dtí an leibhéal domhanda.

Bíonn beartas comhshaoil níos éifeachtaí má dhéantar cinneadh ina leith agus é a chur i bhfeidhm de réir scálaí difriúla, agus bíonn difríocht idir an 'leibhéal ceart' ag brath ar an ábhar. Cuir i gcás, mar shampla, bainistíocht uisce. Is acmhainn áitiúil é fíoruisce a bhíonn faoi thionchar brúnna domhanda.

Is iad na húdaráis áitiúla a bhainistíonn an t-uisce san Ísiltír, mar shampla, ach tá siad faoi réir reachtaíochta náisiúnta agus Eorpaí. Ní hamháin go mbíonn ar bhainistíocht uisce na hÍsiltíre aghaidh a thabhairt ar cheisteanna áitiúla agus súil a choimeád freisin ar cad a tharlaíonn sna tíortha in aghaidh an tsrutha. Meastar go n-ardófar leibhéil na farraige de thoradh an téimh dhomhanda, rud a fhágann go mbeidh ar Bhoird Uisce na hÍsiltíre tús a chur le pleanáil dá réir.

Bunaíodh formhór na mbeartas agus na n-institiúidí domhanda atá ann cheana féin, lena n-áirítear UNEP, toisc nach raibh na réitigh áitiúla ná na réitigh náisiúnta ag dul i ngleic leis na fadhbanna, agus measadh go mbeadh torthaí níos fearr ann trí chomhordú domhanda nó idirnáisiúnta. Bunaíodh UNEP tar éis Chomhdháil Stócólm mar gur aontaigh na rannpháirtithe go bhféadfaí aghaidh níos fearr a thabhairt ar cheisteanna comhshaoil ar leibhéal domhanda.


## Tiomantas athnuaite de dhíth

Sa lá atá inniu ann, is de thoradh na trádála domhanda go bhfuilimid in ann trátaí agus bananaí a ithe ó cheann ceann na bliana, chomh maith le táirgí a tharraingíonn comhpháirteanna le chéile ó mhórthimpeall an domhain. Tá buntáistí ag baint leis an gcomhcheangailteacht seo ach chomh maith céanna tá baol ag baint léi. Is féidir le truailliú ag duine amháin a bheith ina chnámh spairne ag duine eile. Ciallaíonn an chomhcheangailteacht seo nach féidir linn diúltú dár bhfreagracht i ndáil leis an gcomhshaol domhanda a chosaint.

Bhí Creat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) ar cheann d'éachtaí Chruinniú Mullaigh na Cruinne 1992 in Rio. Is aidhm dó astuithe gáis cheaptha teasa a chobhsú, toisc go gcuireann siad leis an athrú aeráide. Tá rath roinnt mhaith de na comhaontuithe idirnáisiúnta, cosúil leis an UNFCCC, ag brath ar thiomantas na gcomhpháirtithe rannpháirteacha. Faraor, mura bhfuil ach líon teoranta tíortha rannpháirteach ann ní dócha gur leor é chun an comhshaol a chosaint, fiú má ghlacann siad go hiomlán le prionsabail an gheilleagair ghlais.

Tugann cruinniú na bliana seo deis an tiomantas domhanda d'inbhuanaitheacht a athnuachan. Mar shaoránaigh, mar thomhaltóirí, mar eolaithe, mar cheannairí gnó, mar lucht déanta beartas, beidh orainn a bheith freagrach as ár ngníomhartha — mar aon lenár n-easpa gníomhartha.





## Sliocht ó Dhearbhú Rio maidir leis an gComhshaol agus Forbairt

Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Chomhshaol agus Forbairt, Meitheamh 3–14 1992, Rio de Janeiro, an Bhrasaíl

### Prionsabal 1
Tá an duine i gcroílár na n-ábhar imní maidir le forbairt inbhuanaithe. Tá siad i dteideal saol sláintiúil agus táirgiúil a bheith acu i gcomhréir leis an dúlra.

### Prionsabal 2
Tá ceart ceannasach ag Stáit, de bhun Chairt na Náisiún Aontaithe agus phrionsabail an dlí idirnáisiúnta, leas a bhaint as a n-acmhainní féin ag teacht lena mbeartais chomhshaoil agus forbraíochta féin, agus tá freagracht orthu deimhin a dhéanamh de nach ndéanann na gníomhaíochtaí atá ar bun faoina ndlínsí nó faoina rialú dochar do chomhshaol Stát nó limistéar eile lasmuigh de shainchúram na dlínse náisiúnta.

### Prionsabal 3
Caithfear ceart na forbartha a chomhlíonadh ionas go mbeadh sé ag teacht le riachtanais forbartha agus chomhshaoil ghlúine an lae inniu agus na todhchaí.

### Prionsabal 4
D'fhonn forbairt inbhuanaithe a bhaint amach, beidh cosaint an chomhshaoil ina cuid ríthábhachtach den phróiseas forbartha agus caithfear í a áireamh i gcónaí.

### Prionsabal 5
Beidh gach Stát agus gach duine ag comhoibriú chun deireadh a chur leis an mbochtaineacht mar fhíor-riachtanas maidir leis an bhforbairt inbhuanaithe, d'fhonn míchothromaíochtaí i gcaighdeáin mhaireachtála a laghdú agus riachtanais thromlach na ndaoine ar fud na cruinne a shásamh ar dóigh níos fearr.

## Le tuilleadh faisnéise a fháil

- Rio+20 Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Fhorbairt Inbhuanaithe: **www.uncsd2012.org/rio20**
- Fóram Páirtithe Leasmhara an Chruinnithe Mullaigh: **www.earthsummit2012.org**

# Ag maireachtáil i sochaí an tomhaltais




Crisco
BORGES
BERIO
BRAGG
COLAVITA

# Ag maireachtáil i sochaí an tomhaltais

**Tá an fás socair go leor a tharla san Eoraip le blianta anuas tar éis an tslí ina mairimid a athrú. Tá níos mó earraí agus seirbhísí á dtáirgeadh agus á n-úsáid againn. Tá níos mó taistil ar bun againn agus mairimid níos faide. Ach tá méadú tagtha ar na tionchair comhshaoil a ghabhann lenár ngníomhaíochtaí geilleagracha sa bhaile agus thar lear agus tá siad níos feiceálaí. Baineann reachtaíocht chomhshaoil, nuair a chuirtear i bhfeidhm go lánchúramach í, torthaí amach ar an talamh. Tar éis féachaint ar cad a d'athraigh le fiche bliain anuas, áfach, an féidir linn a mhaíomh go bhfuil ár ndícheall á dhéanamh againn?**

Nuair a rugadh Carlos Sánchez in 1989, bhí beagnach 5 mhilliún duine ag maireachtáil i mórlimistéar chathair Mhaidrid. Bhí cónaí ar theaghlach Carlos in árasán dhá sheomra leapa i gcroílár na cathrach; ní raibh gluaisteán acu ach bhí teilifís acu.

Níorbh iad teaghlach Carlos an t-aon teaghlach Spáinneach gan ghluaisteán tráth an ama sin. In 1992, sé bliana tar éis don Spáinn dul isteach san Aontas Eorpach, bhí 332 gluaisteán paisinéara in aghaidh 1,000 áitritheoir ann. Nach mór fiche bliain ina dhiaidh sin, in 2009, bhí gluaisteán ag 480 as 1,000 Spáinneach, figiúr atá beagáinín os cionn mheán an Aontais Eorpaigh.

Nuair a bhí Carlos cúig bliana d'aois, cheannaigh muintir Sánchez an t-árasán a bhí buailte leo agus rinne siad árasán amháin den dhá cheann. Nuair a bhí sé ocht mbliana d'aois, cheannaigh siad a gcéad ghluaisteán ach gluaisteán athláimhe a bhí ann.

## Sochaithe atá ag aosú

Ní hiad ár modhanna iompair amháin atá tar éis athrú. Tá athrú tagtha ar ár sochaithe chomh maith. Seachas roinnt bheag eisceachtaí, níl athrú suntasach tagtha ar líon na leanaí a shaolaítear in aghaidh na mná i dtíortha an AE i bhfianaise na sonraí atá ar fáil le fiche bliain anuas. Bhí 1.32 leanbh ar an meán ag mná Spáinneacha in 1992 agus in 2010 ardaíodh an líon sin ábhar beag go 1.39 — i bhfad níos ísle ná an leibhéal athsholáthair de 2.1 leanbh in aghaidh na mná a nglactar leis go ginearálta. Ba é an ráta iomlán torthúlachta san AE-27 ná thart ar 1.5 in 2009.

Ach, tá daonra an AE ag fás, agus is í an inimirce den chuid is mó is cúis leis sin. Mairimid níos faide agus níos fearr chomh maith. In 2006, an t-ionchas saoil AE a bhí ann ag am na breithe ná 76 bliain d'fhir agus 82 bliain do mhná. Ag deireadh mhí Dheireadh Fómhair 2011, 7 mbilliún a bhí i ndaonra an domhain. Cé go bhfuil meath tagtha ar rátaí torthúlachta le fiche bliain anuas, meastar go bhfásfaidh daonra an domhain go dtí go dtiocfaidh sé chun cothromaíochta ag tuairim is 10 mbilliún duine in 2100.

Tá rátaí uirbithe ag ardú freisin. Tá os cionn leath de mhuintir an domhain ina gcónaí anois i gceantair uirbeacha. San AE, tá tuairim is trí cheathrú den daonra ina gcónaí i gceantair uirbeacha. Tá na héifeachtaí le feiceáil chomh maith in an-chuid cathracha Eorpacha, lena n-áirítear Maidrid. Shroich an daonra i mór-limistéar cathrach Mhaidrid 6.3 milliún duine in 2011.







**‘We grow our food in petrochemical fertilisers and pesticides. Most of our construction materials — cement, plastics and so on — are made of fossil fuels, as are most of our pharmaceutical products. Our clothes, for the most part, are made of petrochemical synthetic fibres. Our transport, power, heat, and light are all reliant on fossil fuels as well. We have built an entire civilisation on the exhumed carbon deposits of the Carboniferous Period.**

**...future generations living fifty thousand years from now... will likely characterise us as the fossil fuels people and this period as the Carbon Era, just as we have referred to past periods as the Bronze and Iron Ages.’**

**Jeremy Rifkin,** Uachtarán Foundation on Economic Trends agus comhairleoir don Aontas Eorpach. Sliocht óna leabhar dar teideal ‘The Third Industrial Revolution’.

## Fás i ngach aon áit

Le daichead bliain anuas, tharla fás socair geilleagrach agus méadú ar ioncam sa Spáinn, mar a tharla i mórán cathracha eile san Eoraip chomh maith, agus go dtí le déanaí bhí an chuma air go raibh réiteach ceart ar ar fhadhb dhífhostaíochta na Spáinne. Chuir an fháil éasca a bhí ar iasachtaí – idir chinn phríobháideacha, an raidhse amhábhar agus an insreabhadh inimirceach ó Mheiriceá Theas, ó Mheiriceá Láir agus ón Afraic go mór leis an mborradh ar an ngeilleagar.

Nuair a rugadh Carlos, ní raibh an tIdirlíon (mar a bhfuil taithí inniu againn air) ar an bhfód seachas roinnt gréasán TF idirnasctha. B'annamh fón póca a bheith ag duine, bhí na fóin chéanna tuathalach le hiompar agus bhí siad ródhaor d'fhormhór na ndaoine. Ní raibh a leithéid de rud ann agus pobail ar líne ná gréasáin shóisialta. Bhí mórán pobal ar fud an domhain den tuairim gurbh é an chiall a bhí le 'teicneolaíocht' ná soláthar iontaofa leictreachais. Bhí an guthán daor agus ba mhinic nach raibh rochtain air. Ní raibh ach fíorbheagán daoine ann arbh acmhainn dóibh dul ar saoire thar lear.

Cé gurbh iomaí cúlú geilleagrach a tharla le fiche bliain anuas, tháinig méadú 40% ar gheilleagar an Aontais Eorpaigh, agus meáin beagán níos airde i dtíortha a chuaigh isteach san Aontas Eorpach in 2004 agus in 2007. Spreagadh tábhachtach ó thaobh an gheilleagair ba ea an tógáil a bhaineann le turasóireacht i gcás na Spáinne. I dtíortha Eorpacha eile, ba iad earnálacha mar sheirbhísí agus mar dhéantúsaíocht a spreag an fás geilleagrach.

Inniu, tá cónaí ar Carlos lena thuismitheoirí ag an seoladh céanna. Tá gluaisteán agus fón póca ag gach duine acu. Níl stíl mhaireachtála mhuintir Sanchez neamhghnách de réir caighdeáin Eorpacha de.

## Lorg domhanda níos mó

Tá tionchar na hEorpa ar an gcomhshaol méadaithe ar aon dul le fás geilleagrach na hEorpa agus na cruinne araon. Tá an-éifeacht ag an trádáil ar chothú na rathúlachta san Eoraip agus i dtíortha i mbéal forbartha araon, agus ar scaipeadh na dtionchar a bhíonn ag ár ngníomhaíochtaí ar an gcomhshaol.

In 2008, i dtéarmaí meáchain, d'iompórtáil an tAontas Eorpach sé oiread na n-ábhar a d'easpórtáil sé. Is éard is cúis den chuid is mó leis an difríocht seo ná leibhéal ard na hiompórtála de tháirgí breosla agus mianadóireachta.

## Bíonn rath ar bheartas, má tá sé deartha agus curtha chun feidhme go maith

Tuigeadh go maith ar leibhéal domhanda i bhfad níos luaithe ná Cruinniú Mullaigh na Cruinne 1992 in Rio go raibh géarghá le dul i ngleic le saincheisteanna comhshaoil. Téann reachtaíocht chomhshaoil an AE siar go dtí tús na 1970í agus léiríonn an taithí ón uair sin i leith go mbíonn éifeacht le reachtaíocht comhshaoil nuair a chuirtear chun feidhme go héifeachtach í.

Mar shampla, cuireann an Treoir ón Aontas Eorpach maidir le hÉin (1979) agus an Treoir maidir le Gnáthóga (1992) creat dlí ar fáil do cheantair chosanta na hEorpa. Tá an tAontas Eorpach tar éis níos mó ná 17 % dá achar talún agus níos mó ná 160 000 $km^2$ amach ón gcósta a shainiú mar chuid dá ghréasán cosanta dúlra, 'Natura 2000'. Cé go bhfuil mórán speiceas agus gnáthóg san Eoraip fós faoi bhagairt, is céim chun cinn sa treo ceart é Natura 2000.

Bhí tionchar dearfach ag beartais comhshaoil eile chomh maith ar chomhshaol na hEorpa. Tá feabhas suntasach tagtha ar chaighdeán an aeir chomhthimpeallaigh le fiche bliain anuas. Ach fós bíonn éifeacht ag truailleáin aeir fadraoin agus ag roinnt truailleán aeir áitiúil ar ár sláinte. Tá feabhas suntasach tagtha chomh maith ar chaighdeán na n-uiscí Eorpacha, a bhuíochas le reachtaíocht Eorpach, ach ní imíonn formhór na dtruailleán a scaoiltear san aer, san uisce agus ar an talamh, ní imíonn siad as go héasca. Os a choinne sin, is amhlaidh a mhéadaíonn siad.

Thosaigh an tAontas Eorpach an nasc idir fás geilleagrach agus astuithe gáis cheaptha teasa a bhriseadh. Mar sin féin, leanann astuithe domhanda orthu ag méadú, ag cur le leibhéal na dé-ocsaíde carbóin atá san atmaisféar agus sna haigéin.

Tá treocht dá leithéid ann maidir le húsáid ábhar. Táirgeann an geilleagar Eorpach níos mó le hionchur níos lú acmhainní. Ach táimid fós ag úsáid i bhfad níos mó acmhainní ná mar a sholáthraíonn achar talún agus farraigí na hEorpa dúinn. Tá méideanna móra dramhaíola fós á nginiúint ag an AE ach tá fás ag teacht ar an méid atá á athchúrsáil agus á athúsáid.

Nuair a dhéanaimid iarracht aghaidh a thabhairt ar fhadhb chomhshaoil amháin, faraor, is ansin a thuigimid nach féidir linn aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna comhshaoil ina n-aonair ná ceann ar cheann. Caithfear iad a chomhtháthú i mbeartais gheilleagracha, i bpleanáil uirbeach agus i mbeartais iascaigh agus talmhaíochta, agus mar sin de.

Cuireann astarraingt uisce, mar shampla, isteach ar cháilíocht agus ar mhéid an uisce ag an bhfoinse agus síos le sruth. De réir mar a laghdaíonn an t-uisce ag an bhfoinse de thoradh astarraingte níos airde, ní dhéantar truailleáin a théann isteach san uisce a chaolú chomh mór is a dhéanfaí de ghnáth agus bíonn tionchar diúltach níos mó acu ar speicis a bhraitheann ar an uisce sin dá mbarr. Le go mbeifí ábalta feabhsuithe suntasacha a dhearadh agus a bhaint amach chun feabhas a chur ar cháilíocht an uisce, beidh orainn aghaidh a thabhairt ar an fáth a bhfuil an t-uisce á astarraingt ar an gcéad dul síos.





## Athrú i gcéimeanna beaga

Fiú is gan na fíricí ar fad ar eolas againn, beidh ar an lucht déanta cinntí, ar ghnóthaí agus ar shaoránaigh gníomhartha atá cinntitheach agus láithreach a ghlacadh d'fhonn aghaidh a thabhairt ar na treochtaí comhshaoil atá os ár gcomhair inniu. Má leantar ar aghaidh mar atá faoi láthair, leanfaidh an dífhoraoisiú domhanda ar aghaidh de réir rátaí criticiúla agus d'fhéadfadh go n-ardódh teochtanna domhanda 6.4 °C faoi dheireadh an chéid. Cuirfidh ardú leibhéal na farraige ceann de na hacmhainní is luachmhaire atá againn — is é sin an talamh — i mbaol in oileáin agus i gceantair chósta ísle.

Is minic a ghlactar blianta chun idirbheartaíochtaí idirnáisiúnta a chur i gcrích agus a chur i bhfeidhm. Oibríonn reachtaíocht náisiúnta atá dea-dheartha nuair a chuirtear i bhfeidhm go hiomlán í ach tá sí teoranta de bharr na geopholaitíochta. Ní bhíonn an-chuid saincheisteanna comhshaoil faoi réir teorainneacha náisiúnta. I ndeireadh na dála, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag an dífhoraoisiú, ag an truailliú aeir nó ag bruscar muirí orainn go léir.

Is féidir treochtaí agus meonta a athrú — céim ar chéim. Tá tuiscint mhaith againn ar an staid ina rabhamar 20 bliain ó shin agus ar an staid ina bhfuilimid inniu. B'fhéidir nach bhfuil aon réiteach míorúilteach amháin againn a réiteoidh gach fadhb comhshaoil láithreach bonn, ach tá tuairim againn, fiú tacar tuairimí, uirlisí agus beartas, a chabhróidh linn ár ngeilleagar a athrú go dtí geilleagar glas. Tá deis againn todhchaí inbhuanaithe a thógáil sa 20 bliain atá romhainn.

## An deis a thapú

Má táimid chun an deis atá os ár gcomhair a thapú, braithfidh sé ar ár gcomhfheasacht. Ní féidir linn dóthain dul chun cinn a dhéanamh d’fhonn an tslí ina mairimid a athrú ach amháin nuair a thuigfimid cad atá i gceist. Tá an fheasacht ag méadú ach uaireanta ní leor í. Dealraíonn sé gurb iad na clocha is mó ar ár bpaidrín ó lá go lá ná neamhshlándáil gheilleagrach agus imní faoin dífhostaíocht agus faoin tsláinte. Agus is amhlaidh atá sé freisin i gcás Carlos agus a chairde, go háirithe agus an tsuaiteacht gheilleagrach san Eoraip mar atá.

I dteannta na himní atá air faoina staidéar bitheolaíochta agus faoina ionchas gairme, níl Carlos cinnte faoi cé chomh feasach is atá a ghlúin féin ar fhadhbanna comhshaoil san Eoraip agus ar fud an domhain. Mar chónaitheoir uirbeach, áfach, aithníonn sé go raibh baint níos mó ag glúin a mhuintire leis an dúlra mar, i bhformhór na dteaghlach, tógadh ar a laghad duine amháin de na tuismitheoirí faoin tuath. Fiú tar éis dóibh aistriú chun na cathrach d’fhonn obair a fháil, bhí dlúthbhaint acu fós leis an dúlra.

B’fhéidir nach mbeadh an dlúthbhaint chéanna riamh ag Carlos leis an dúlra ach fós tá an-suim aige rud amháin ar a laghad a dhéanamh faoi — trí rothaíocht chun na hollscoile. Tá sé fiú tar éis a chur ina luí ar a athair rothaíocht chuig an ionaid oibre.

Níl aon dul as ach go bhfuil neamhshlándáil gheilleagrach, sláinte, cáilíocht na beatha agus fiú dul i ngleic leis an dífhostaíocht ag brath ar dhomhan sláintiúil a dheimhniú. Ní bheidh todhchaí slán ná sláintiúil ag Carlos nó ag a ghlúin féin trí ídiú mear ár n-acmhainní nádúrtha agus milleadh na n-éiceachóras as a mbainimid tairbhe mór. Tá geilleagar glas, ísealcharbóin ar an rogha is fearr agus is inmharthana d’fhonn rathúlacht gheilleagrach agus shóisialta a dheimhniú san fhadtéarma.





## Le tuilleadh faisnéise a fháil

- EEA — SOER 2010: Assessment of global megatrends **(Measúnú ar Mhórthreochtaí Domhanda)**.
- UNEP — Keeping track of our changing environment: From Rio to Rio+20. (Ag coimeád súil ar ár gcomhshaol atá ag athrú: **Ó Rio go Rio+20**)

# Ón mianach go dramhaíl, agus lastall





# Ón mianach go dramhaíl, agus lastall

**Bíonn tionchar ag beagnach gach a n-úsáidimid agus a dtáirgimid ar an gcomhshaol. Nuair is gá dúinn cinntí laethúla a dhéanamh maidir le hearraí nó seirbhísí áirithe a cheannach, is minic nach smaoinímid ar a 'loirg' ar an gcomhshaol. Is annamh a léirítear ina bpraghsanna seilfe na fíorchostais atá orthu. Ach tá cuid mhaith rudaí is féidir linn go léir a dhéanamh chun an caitheamh agus an táirgeadh a dhéanaimid a ghlasú.**

I mBealtaine 2011, bhí Siopa Apple ar Fifth Avenue i Nua-Eabhrac dubh le daoine a bhí ag teacht ó áiteanna éagsúla ar fud an domhain chun an táirge is déanaí, an iPad2, de chuid Apple a cheannach. An méid a bhí ann an lá sin, díoladh iad go léir laistigh de roinnt uaireanta. Bhí an t-ádh ar lucht an tsiopa sin ar Fifth Avenue. Ní raibh cuid mhaith siopaí Apple ar fud an domhain in ann ach orduithe a ghlacadh agus na hearraí a sheachadadh seachtainí ina dhiaidh sin.

Níor tharla an mhoill seo mar gheall ar phleanáil easnamhach gnó ná feachtas margaíochta a bhí thar a bheith rathúil. Tharla sí mar gheall ar shraith anachana ar an taobh eile den domhan. Bhí cúig cinn de phríomh-chomhpháirteanna an iPad2 á dtáirgeadh sa tSeapáin nuair a tharla an crith talún an 11 Márta 2011. Bhíothas in ann táirgeadh roinnt de na comhpháirteanna seo a bhogadh go dtí an Chóiré Theas nó na Stáit Aontaithe go héasca, ach ní fhéadfaí a leithéid a dhéanamh leis an gcompás digiteach. Bhí ceann dá bpríomhdhéantóirí suite i ngiorracht 20km d'imoibreoirí Fukushima agus b'éigean an mhonarcha a dhúnadh.

## Sruthanna acmhainní chun línte táirgthe a chothú

Sa domhan idirnasctha ina mairimid, tosaíonn turas cuid mhaith gléasanna leictreonacha i mianach, a bhíonn i dtír i mbéal forbartha de ghnáth, agus in ionad forbartha táirgí, a bhíonn i dtír fhorbartha go minic. Sa lá atá inniu ann, bíonn gá le hithreacha annamha, amhail neoidimiam, lantanam agus ceiriam chun ríomhairí glúine, fóin phóca, gluaisteáin agus ceamaraí digiteacha a tháirgeadh. Cé go bhfuil cúltaiscí gan saothrú i gcuid mhaith tíortha, is gníomh costasach é an t-eastóscadh agus bíonn sé tocsaineach agus radaighníomhach i gcásanna áirithe.

Tar éis an eastósctha, is gnách na hacmhainní ábhartha a iompar go hionad próiseála agus a athrú ina gcomhpháirteanna táirge éagsúla, rudaí a chuirtear ar aghaidh ansin go dtí áiteanna eile lena gcóimeáil. Faoin am a cheannaímid ár ngléas féin, tá na comhpháirteanna éagsúla atá ann tar éis taisteal ar fud an domhain agus d'fhág siad a lorg ar an gcomhshaol ag gach céim dá dturas.

Is amhlaidh an scéal i gcás an bhia ar ár mboird, na troscáin inár seomraí suí agus an bhreosla inár ngluaisteáin. Déantar eastóscadh ar an gcuid is mó ábhar agus acmhainní, próiseáiltear ina dtáirgí nó ina seirbhísí inchaite iad agus iompraítear go dtí ár n-áiteanna cónaithe iad, áiteanna cónaithe atá suite go príomha i gceantair uirbeacha. Tá níos mó i gceist, mar shampla, le soláthar fionnuisce do theaghlaigh na hEorpa ná an méid a úsáidtear a astarraingt ó dhobharlach. Teastaíonn bonneagar agus fuinneamh uainn chun an t-uisce a iompar, a stóráil, a chóireáil agus a théamh sula

**Más mian linn gnáthchupán caife amháin a dhéanamh san Ísiltír, tá gá le thart ar 140 lítear uisce. Caitear an chuid is mó de sin ar fhás an phlanda caife.**
**Is fíric níos iontaí arís é go bhfuil gá le 15,400 lítear uisce ar an meán chun cileagram amháin mairteola a tháirgeadh.**

Foinse: **Water Footprint Network**



mbíonn sé réidh le húsáid. Nuair a bhíonn sé 'úsáidte', bíonn tuilleadh bonneagair agus fuinnimh ag teastáil uainn chun é a dhiúscairt.

## Go léir ar fáil le bheith caite

Ní bhíonn cuid de thionchair chomhshaoil ár leibhéal agus ár bpátrún caithimh le feiceáil ar dtús. Scaoileann giniúint an leictreachais a úsáidtear chun fóin phóca a luchtú agus ár mbia a reo astuithe dé-ocsaíd charbóin isteach san atmaisféar, rud a chuireann le hathrú aeráide. Scaoileann áiseanna iompair agus tionscail truailleáin aeir, amhail ocsaídí sulfair agus ocsaídí nítrigine a dhéanann dochar do shláinte an duine.

Cuireann na milliúin duine a théann ó dheas i rith an tsamhraidh brú breise ar na háiteanna atá mar cheann scríbe laethanta saoire acu. Chomh maith leis na hastuithe gáis cheaptha teasa óna dturas, méadaíonn an gá atá acu le cóiríocht éileamh na hearnála foirgníochta ar acmhainní ábhartha agus ar fhuinneamh. Bíonn éileamh níos mó ar astarraingt uisce, chun críocha sláintíochta agus fóillíochta i rith mhíonna tirime an tsamhraidh mar gheall ar an méadú séasúrach ar an daonra áitiúil.. Ciallaíonn sé chomh maith gur gá tuilleadh fuíolluisce a chóireáil, tuilleadh bia a iompar chuig na ceantair seo agus bainistiú a dhéanamh ar líon méadaithe dramhaíola. In ainneoin na héiginnteachta faoi mhéid cruinn ár dtionchar ar an gcomhshaol, tá sé soiléir nach féidir leanúint de na leibhéil agus pátrúin eastósctha acmhainní atá ar siúl faoi láthair. I mbeagán focal, tá méideanna teoranta acmhainní riachtanacha againn, amhail talamh curaíochta agus uisce. D'fhéadfadh cás a thosaíonn mar fhadhb áitiúil go minic – ganntanas uisce, leagadh crann le haghaidh talamh féaraigh nó scaoileadh truailleán ó shaoráid thionsclaíoch – athrú go héasca ina fadhb dhomhanda agus chórasach a imríonn tionchar orainn go léir.

Táscaire amháin atá ann maidir le caitheamh acmhainní ná an lorg éiceolaíoch, rud atá forbartha ag an *Global Footprint Network*. Meastar trí bhíthin an táscaire sin an caitheamh a dhéanann tíortha i dtéarmaí talamhúsáide go domhanda, lena n-áirítear talamhúsáid indíreach chun earraí a tháirgeadh agus astuithe $CO_2$ a ionsú. De réir na modheolaíochta seo, bhí lorg ag gach duine in 2007 arb ionann é agus 2.7 heicteár domhanda.

Tá sé sin i bhfad níos mó ná an 1.8 heicteár domhanda atá ar fáil do gach duine againn le leanúint dár gcaitheamh gan cumas táirgthe an chomhshaoil a chur i mbaol (Global Footprint Network, 2012). Bhí an difríocht i bhfad níos suntasaí i dtíortha forbartha. Chaith tíortha an LEE 4.8 heicteár domhanda in aghaidh an duine, in ainneoin 'bith-acmhainn' 2.1 heicteár domhanda a bheith ar fáil in aghaidh an duine (Global Footprint Network, 2011).





## Ach cruthaíonn an tomhaltas fostaíocht freisin

Níl sa dúil atá againn in acmhainní nádúrtha a chaitheamh agus sa ghá atá againn leis seo ach taobh amháin den scéal. Bíonn poist, ioncam, slí bheatha i ndeireadh na dála agus cáilíocht beatha níos fearr i gceist d'oibrithe foirgníochta, d'fheirmeoirí agus do ghníomhairí taistil mar thoradh ar thógáil tithe samhraidh sa Spáinn, fás trátaí san Ísiltír agus dul ar saoire chun na Téalainne. Is ionann ioncam níos airde agus deis le freastal ar bhunriachtanais i gcás cuid mhaith daoine ar fud an domhain. Ach ní bhíonn sé éasca sainmhíniú a dhéanamh ar 'riachtanas' agus bíonn dearcadh difriúil ag daoine difriúla faoi de réir braistintí cultúrtha agus leibhéil ioncaim.

Maidir leis na daoine a oibríonn i mianaigh ithreacha annamha in Ion-Mhongóil sa tSín, is ionann eastóscadh mianraí agus slándáil bia dá dteaghlaigh agus oideachas dá leanaí. Maidir leis na hoibrithe monarchan sa tSeapáin, d'fhéadfadh bia agus oideachas a bheith i gceist leis dóibh, chomh maith le roinnt seachtainí ar saoire san Eoraip. Maidir leis na daoine a tháinig ina sluaite go dtí siopa Apple, d'fhéadfadh an gléas deiridh a bheith ina uirlis ghairmiúil riachtanach do chuid acu agus ina ghléas siamsaíochta don chuid eile. Is riachtanas daonna é an gá le siamsaíocht chomh maith. Braitheann an tionchar a bhíonn ag an ngná sin ar an gcomhshaol ar an gcaoi a bhfreastalaímid air.

# Aghaidh a thabhairt ar an mbosca bruscair

Ní thagann deireadh le turas ár ngléasanna leictreonacha, ár mbia agus ár gcuid uisce sconna inár n-áiteanna cónaithe. Coinnímid ár dteilifíseán nó ár gceamara go dtí nach bhfuil sé faiseanta nó comhoiriúnach dár seinnteoir DVD a thuilleadh. I dtíortha áirithe de chuid an AE, caitear amach thart ar aon trian den bhia a cheannaítear. Céard faoin mbia a chuirtear amú fiú sula gceannaímid é? Caitear 2.7 billiún tonna dramhaíola amach i 27 tír an Aontais Eorpaigh gach bliain.

Ach cá dtéann an dramhaíl sin go léir? Is é an freagra gearr ná as ár n-amharc. Déantar cuid di a thrádáil – go dleathach agus go mídhleathach – ar mhargaí an domhain. Tá an freagra fada i bhfad níos casta ná sin. Braitheann sé ar an 'rud' atá á chaitheamh amach agus 'cá háit'. Is ionann breis is trian de mheáchan na dramhaíola a chruthaítear i 32 tír an LEE agus dramhaíl foirgníochta agus scartála, rud a bhfuil dlúthbhaint aige le borradh eacnamaíoch. Is ionann ceathrú eile de agus dramhaíl mhianadóireachta agus chairéalaithe. Cé go mbíonn an dramhaíl go léir á chruthú trí chaitheamh daonna, tagann níos lú ná aon deichiú den mheáchan iomlán dramhaíola ó theaghlaigh.


Tá ár n-eolas ar dhramhaíl chomh neamhiomlán lenár sonraí ar chaitheamh, ach tá sé soiléir go bhfuil neart le dhéanamh againn ó thaobh na bainistíochta dramhaíola. Ar an meán, úsáideann gach saoránach AE 16-17 dtonna ábhar in aghaidh na bliana agus athraítear cuid mhaith de seo ina dhramhaíl i ndeireadh na dála. Mhéadófaí an méid seo go tuairim is 40-50 tonna in aghaidh an duine dá gcuirfí eastóscadh gan úsáid (m.sh. ró-ualach mianadóireachta) agus málaí droma éiceolaíocha (méid iomlán an ábhair nádúrtha a bhfuil cur isteach déanta air ina shuíomh nádúrtha) na n-allmhairí san áireamh.


Reachtaíocht amhail treoracha an AE maidir le líonadh talún, feithiclí a bhfuil a ré caite, cadhnraí, pacáistiú agus dramhaíl phacáistithe, tá sí tar éis cabhrú leis an Aontas Eorpach sciar níos mó dá dhramhaíl bhardasach a atreorú ó láithreáin líonta talún go dtí saoráidí loiscthe agus athchúrsála. Sa bhliain 2008, aisghabhadh 46 % den dramhaíl sholadach san AE. Cuireadh an chuid eile ar aghaidh lena loscadh (5 %) nó chuig láithreáin líonta talún (49 %).

# Cineál nua mianaigh óir a lorg

Substaintí guaiseacha a chuireann an comhshaol i mbaol, tá siad i leictreacha teaghlaigh, i ríomhairí, i dtrealamh soilsithe agus i dteileafóin, ach tá miotail luachmhara iontu chomh maith. In 2005, measadh go raibh 450,000 tonna copair agus seacht dtonna óir sa trealamh leictreach agus leictreonach ar an margadh. Bheadh luach tuairim is EUR 2.8 billiún agus EUR 328 milliún ar na miotail seo faoi seach ag Malartán Miotail Londan i bhFeabhra 2011. In ainneoin éagsúlachtaí móra ar fud thíortha na hEorpa, ní bhailítear, ní athúsáidtear agus ní athchúrsáiltear ach sciar beag den trealamh leictreonach faoi láthair nuair a chaitear amach é.

Tá gné dhomhanda ag baint le miotail luachmhara 'a chaitear amach mar dhramhaíl' chomh maith. Easpórtálann an






Curtha ar an margadh

Iomlán bailithe

Athúsáid agus athchúrsáil

Bailithe ó theaghlaigh phríobháideacha

Sprioc bailithe na dteaghlach príob-háideach: 4 kg inaghaidh an duine sa bhliain

Foinse: **Arna thiomsú le sonraí atá bunaithe ar ETC/SCP ó lárionad sonraí Eurostat um dhramhaíl.**

**Dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL) a chuirtear ar an margadh, a bhailítear agus a athchúrsáiltear/aisghabhtar/athúsáidtear i 28 tír Eorpach (kg/duine, sonraí 2008)**

Tá reachtaíocht ar leith rite ag an Aontas Eorpach le déileáil le DTLL. Foráiltear leis an treoir seo do scéimeanna bailiúcháin a chruthú trínar féidir le tomhaltóirí a ríomhdhramhaíl úsáidte a thabhairt ar ais saor in aisce. Is é cuspóir na scéimeanna sin ná méadú a dhéanamh ar athchúrsáil agus/nó athúsáid. I bpíosa reachtaíochta lena ngabhann maidir le srianadh substaintí guaiseacha, ceanglaítear go gcuirfear roghanna eile níos sábháilte in ionad miotal trom amhail luaidhe, mearcair, caidmiam agus cróimiam heicsifhiúsach, chomh maith le hábhair lasairmhoillitheacha amhail défheinilí polabróimínithe (PBB) nó éitir dhéfheinile polabróimínithe (PBDE) i dtrealamh leictreach.

Ghearmáin thart ar 100,000 gluaisteán úsáidte gach bliain trí Hamburg go dtí áiteanna taobh amuigh den Aontas Eorpach, go háirithe go dtí an Afraic agus an Mheán-Oirthear. Bhí thart ar 6.25 tonna miotail den ghrúpa platanaim sna gluaisteáin sin in 2005. Murab ionann agus an AE, níl na rialacháin agus an acmhainn riachtanach ag an gcuid is mó de na tíortha allmhairithe chun gluaisteáin úsáidte a dhíchoimeáil agus a athchúrsáil. Is ionann seo agus caillteanas geilleagrach agus is minic go dtarlaíonn eastóscadh breise mar gheall air chomh maith, rud is cúis le damáiste insheachanta don chomhshaol a tharlaíonn taobh amuigh den AE go minic.

Má dhéantar bainistiú níos fearr ar dhramhaíl bhardasach, bíonn tairbhí suntasacha ann dá bharr – acmhainn luachmhar a dhéanamh dár ndramhaíl, damáiste don chomhshaol a sheachaint, lena n-áirítear astuithe gáis cheaptha teasa, agus an t-éileamh ar acmhainní nua a laghdú.

Cuir i gcás, mar shampla, páipéar. In 2006, athchúrsáladh beagnach 70% den pháipéar ó dhramhaíl sholadach bhardasach, méid arbh ionann é agus an ceathrú cuid den úsáid iomlán a baineadh as táirgí páipéir. Dá méadófaí an ráta athchúrsála go dtí 90%, bheimis in ann freastal ar bhreis is aon trian den éileamh ar pháipéar le hábhar athchúrsáilte. Laghdódh sé sin an t-éileamh ar acmhainní nua agus bheadh níos lú dramhaíola páipéir á cur go láithreáin líonta talún nó á loscadh, agus laghdófaí astuithe gáis cheaptha teasa chomh maith.

## Cá háit ar féidir linn dul ón bpointe seo?

Ní hé an caitheamh ná an táirgeadh go baileach a dhéanann dochar don chomhshaol. Is é tionchar comhshaoil na nithe a chaithimid, cá háit a gcaithimid agus cá mhéad díobh a chaithimid agus an chaoi a ndéanaimid táirgeadh a dhéanann é sin. Ar na leibhéil áitiúla agus dhomhanda, ní mór do lucht déanta beartas, gnóthaí agus an tsochaí shibhialta a gcion a dhéanamh ar son ghlasú an gheilleagair.

Tá cuid mhaith réiteach i gceist le nuálaíocht theicneolaíoch. Bíonn tionchar níos lú i gceist ar an gcomhshaol má úsáidtear fuinneamh glan agus iompar glan agus is féidir leo sin freastal ar chuid dár riachtanais, nó ar ár riachtanais go léir, b'fhéidir. Ach ní leor an teicneolaíocht.

Ní féidir ár réiteach a bheith bunaithe ar athchúrsáil agus ar athúsáid ábhar agus ar an méid sin amháin, ionas go mbeidh méideanna laghdaithe acmhainní á n-eastóscadh againn. Ní féidir linn caitheamh acmhainní a sheachaint, ach is féidir linn iad a chaitheamh go ciallmhar. Is féidir linn athrú go malairtí atá níos glaine agus ár bpróisis táirgthe a ghlasú, chomh maith le foghlaim faoin gcaoi lenár ndramhaíl a athrú ina hacmhainn.

Is cinnte go bhfuil beartais níos fearr, bonneagar níos fearr agus dreasachtaí breise de dhíth, ach ní thabharfaidh siad ach cuid den bhealach muid. Tá an chuid deiridh den turas ag brath ar roghanna caithimh. Is cuma cén cúlra nó aois atá againn, bíonn tionchar ag ár gcinntí laethúla chun earraí agus seirbhísí áirithe a cheannach ar na hearraí a tháirgtear agus ar an méid díobh a tháirgtear. Is féidir le miondíoltóirí tionchar a imirt chomh maith ar na nithe a chuirtear ar na seilfeanna agus is féidir leo an t-éileamh ar mhalairtí inbhuanaithe a chraobhscaoileadh suas an slabhra soláthair.

D'fhéadfadh nóiméad machnaimh os comhair sheilfeanna an ollmhargaidh nó na haraide bruscair a bheith ina thús maith lenár n-aistriú pearsanta go maireachtáil inbhuanaithe. *An féidir liom an fuílleach ó inné a úsáid in áit iad a chaitheamh amach? An féidir liom an meaisín seo a fháil ar iasacht in áit é a cheannach? Cá háit ar féidir liom mo shean-fhón póca a athchúrsáil?...*




### Le tuilleadh faisnéise a fháil

- Measúnaithe Téamacha EEA - SOER 2010: **http://www.eea.europa.eu/soer/europe**

# Gar-amharc



# Dramhaíl bhia

**Cailltear thart ar aon trian den bhia a tháirgtear go domhanda nó cuirtear amú é. Ós rud é go bhfuil breis is billiún duine ar fud an domhain ag dul a luí agus ocras orthu, caithfear a fhiafraí céard is féidir a dhéanamh chun an cás a fheabhsú. Ach ní hamháin gur deis chaillte é cur amú bia chun daoine a bhfuil ocras orthu a chothú. Is ionann é agus caillteanas mór acmhainní eile, amhail talamh, uisce, fuinneamh agus obair chomh maith.**

Tá gá againn go léir le bia, idir shaibhir agus daibhir, óg agus aosta. Tá i bhfad níos mó i gceist leis ná cothú agus éagsúlacht mhór blasanna inár mbéal. Braitheann breis is 4 bhilliún duine ar thrí phríomhbharr – rís, arbhar Indiach agus cruithneacht. Soláthraíonn na trí phríomhbharr seo dhá thrian dár n-iontógáil fuinnimh. Ós rud é go bhfuil breis is 50,000 speiceas planda atá inite, tá cuma thar a bheith leamh ar ár mbiachlár laethúil agus gan ach na céadta speiceas ag cur leis an soláthar bia.

Agus na billiúin duine ag brath ar bheagán cineálacha bia, bhí an méadú ar phraghsanna bia ó 2006 go dtí 2008 le sonrú ar fud an domhain. Cé gur éirigh le tíortha forbartha a gcuid pobal a chothú tríd is tríd, bhí codanna den Afraic ag streachailt le gorta. Níor tharla sé seo amháin toisc gur theip ar an margadh.

Cuireann athrú aeráide leis an mbrú ar shlándáil bia agus bíonn sé seo le sonrú níos mó i réigiúin áirithe i gcomparáid le cinn eile. Cuireann triomach, tinte nó tuilte isteach go díreach ar an gcumas táirgthe. Ar an droch-uair, is minic a théann athrú aeráide i bhfeidhm ar na tíortha is leochailí agus nach dócha go bhfuil sé ar a gcumas dul in oiriúint dó.

Ach níl sa bhia ach ‘earra’ eile, ar bhealach amháin. Tá gá le hacmhainní amhail talamh agus uisce chun é a tháirgeadh. Ar nós táirgí eile ar an margadh, caitear nó úsáidtear é agus is féidir é a chur amú.

Cuirtear méid mór bia amú, go háirithe sna tíortha forbartha, agus ciallaíonn sé sin go bhfuil na hacmhainní a úsáideadh i dtáirgeadh an bhia sin á gcur amú chomh maith.

Tá an earnáil bia agus dramhaíl bhia ar na príomhréimsí ar leagadh béim orthu sa ‘Treochlár maidir le hEoraip atá tíosach ar acmhainní’ de chuid an Choimisiúin Eorpaigh ó Mheán Fómhair 2011. Cé go n-aithnítear go forleathan go bhfuil cuid den bhia a tháirgimid á chur amú againn, tá sé réasúnta deacair teacht ar mheastachán cruinn. Ríomhann an Coimisiún Eorpach go bhfuil 90 milliún tonna bia nó 180kg in aghaidh an duine á chur amú go bliantúil san AE amháin. Bíonn cuid mhaith den bhia sin fós oiriúnach lena chaitheamh ag an duine.

# Tá níos mó ná bia i gceist

Níl tionchair chomhshaoil na dramhaíola bia faoi theorainn úsáid talún agus uisce. De réir threochláir an Choimisiúin Eorpaigh, tá an slabhra luacha bia agus dí san AE ina chúis le 17 % dár n-astuithe díreacha gáis cheaptha teasa agus 28 % dár n-úsáid acmhainní ábhartha.

Measann Tristram Stuart, údar agus duine de phríomheagraithe 'Feeding the 5k' (tionscnamh chun 5,000 duine a chothú ar Chearnóg Trafalgar i Londain), measann sé go gcuireann an chuid is mó de na tíortha saibhre idir aon trian agus leath dá mbia go léir amú.


'Ní fadhb é sna tíortha saibhre amháin. Tarlaíonn cur amú bia sna tíortha i mbéal forbartha agus é beagnach chomh mór leis an méid sna tíortha saibhre uaireanta, ach ar fháthanna atá an-difriúil. Is gnách gurb é an easpa bonneagar talmhaíochta sásúil, amhail teicneolaíocht iarbhainte, is cúis leis sin. D'fhéadfá a mheas go bhfuil trian de sholáthar iomlán bia an domhain á chur amú ar a laghad,' a deir Tristram.

Tarlaíonn cur amú bia ag gach céim den slabhra táirgthe agus soláthair agus ag an gcéim chaithimh. Agus d'fhéadfadh go leor fáthanna a bheith leis. Tarlaíonn cuid den chur amú bia toisc reachtaíocht a chuirtear i bhfeidhm go minic chun sláinte an duine a chosaint. D'fhéadfadh cuid eile a bheith ag baint le sainroghanna agus nósanna na dtomhaltóirí. Ní mór anailís agus spriocdhíriú a dhéanamh ar na céimeanna agus na fáthanna éagsúla go léir de réir mar is gá, chun cur amú bia a laghdú.

Tá glao i dTreochlár an Choimisiúin Eorpaigh ar 'chomhiarracht feirmeoirí, an tionscail bia, miondíoltóirí agus tomhaltóirí, trí theicnící táirgthe atá éifeachtúil ó thaobh acmhainní de agus trí roghanna bia inbhuanaithe'. Tá an sprioc Eorpach soiléir: diúscairt bia inite a laghdú faoina leath san AE faoi 2020. Tá feisirí áirithe i bParlaimint na hEorpa tar éis a iarraidh go n-ainmneofaí 2013 mar 'bhliain na hEorpa in aghaidh cur amú bia'.

'Níl aon leigheas éasca air seo. Tá réiteach difriúil de dhíth ar gach fadhb dhifriúil ar leith,' a dúirt Tristram, agus é ag rá, 'Is é an dea-scéal ná gur féidir linn ár dtionchar ar an gcomhshaol a laghdú agus ní gá go mbeadh íobairt i gceist. Ní hionann é agus a iarraidh ar dhaoine níos lú eitilte a dhéanamh, níos lú feola a ithe ná níos lú tiomána a dhéanamh, rudaí ar dócha go mbeidh orainn iad a dhéanamh chomh maith. Deis atá ann i ndáiríre. Ní gá dúinn ach éirí as bia a chaitheamh amach agus leas a bhaint as ina áit sin.'





## Le tuilleadh faisnéise a fháil

- Maidir le dramhaíl bhia dhomhanda — staitisticí agus beartais: féach Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe **www.fao.org**
- Maidir le beartais an AE i ndáil le spriocanna um dhramhaíl bhia, i measc nithe eile: féach **'an Treochlár maidir le hEoraip atá tíosach ar acmhainní'.**

# Agallamh





# Dramhaíl sa Ghraonlainn

**Cruthaímid dramhaíl i ngach áit a mbímid inár gcónaí, idir chathracha ina bhfuil dlús ard daonra agus lonnaíochtaí iargúlta. Fuílleach bia, dramhaíl leictreonach, cadhnraí, páipéar, buidéil phlaisteacha, éadaí, seantroscán — ní mór iad go léir a dhiúscairt. Athúsáidtear nó athchúrsáiltear cuid acu; loisctear cuid eile acu chun fuinneamh a chruthú nó cuirtear chuig láithreáin líonta talún iad. Níl aon bhealach amháin ann chun dramhaíl a bhainistiú a n-éireodh leis i ngach áit. Ní mór dálaí áitiúla a chur san áireamh sa chaoi a mbainistítear í. I ndeireadh na dála, tosaíonn dramhaíl mar cheist áitiúil. Agus an daonra beag atá aici, faid mhóra idir lonnaíochtaí agus easpa bonneagar bóithre á gcur san áireamh, seo an chaoi a dtugann rialtas na Graonlainne faoi cheist dramhaíola na tíre.**

### Agallamh le Per Ravn Hermansen

Tá cónaí ar Per Ravn Hermansen in Nuuk, príomhchathair na Graonlainne. D'aistrigh sé ón Danmhairg le bheith ag obair ar bhainistiú dramhaíola ag Aireacht Gnóthaí Baile, Dúlra agus Comhshaoil na Graonlainne.

### Conas atá an saol sa Ghraonlainn?

"Is beag an difear idir a bheith i do chónaí in Nuuk agus i mbaile meánmhéide ar bith eile agus é an-chosúil leis na bailte sa Danmhairg. Tá an cineál céanna siopaí agus áiseanna ann. Tá thart ar 15,000 duine ina gcónaí in Nuuk. Cé go labhraítear Graonlainnis agus Danmhairgis go forleathan in Nuuk, is í an Ghraonlainnis amháin atá á labhairt, nach mór, sna lonnaíochtaí níos lú.

Tá mé i mo chónaí anseo ó 1999 agus is dóigh liom go n-úsáideann daoine cineálacha táirgí atá cosúil leis na táirgí sa chuid eile den domhan, amhail ríomhairí pearsanta agus fóin phóca. Agus is dóigh liom chomh maith go bhfuil daoine ag éirí níos feasaí ar cheist na dramhaíola."

### Cén tslí ina bhfuil fadhb dramhaíola na Graonlainne uathúil?

"Tá thart ar 55,000 duine ina gcónaí sa Ghraonlainn agus cruthaíonn daoine dramhaíl ansin, amhail an chuid eile den domhan. Ar chuid mhaith bealaí, tá 'fadhb' dramhaíola na Graonlainne ina fadhb réasúnta coitianta. Cruthaíonn gnóthaí agus teaghlaigh na Graonlainne cineálacha éagsúla dramhaíola agus ní mór dúinn í a bhainistiú ar bhealach nach ndéanfaidh dochar don chomhshaol.

Tá fadhb dramhaíola na Graonlainne uathúil ar bhealaí eile toisc méid na tíre agus na lonnaíochtaí scaipthe go háirithe. Tá sé bhaile atá réasúnta mór, 11 bhaile atá níos lú agus thart ar sheasca lonnaíocht ina bhfuil 30 go 300 duine ina gcónaí iontu atá scaipthe ar feadh an chósta. Tá an chuid is mó de mhuintir na tíre ina gcónaí ar an gcósta thiar, ach tá lonnaíochtaí beaga agus bailte ar an gcósta thoir chomh maith.

Níl ionaid loiscthe ach i sé bhaile agus ní leor sin chun cóireáil dramhaíola indóite atá leordhóthanach ó thaobh an chomhshaoil de a bhaint amach. Agus níl aon cheangal bóithre idir na bailte agus na lonnaíochtaí, rud a fhágann nach féidir linn an dramhaíl a iompar go dtí na hionaid loiscthe go héasca. Iompraítear earraí ar an bhfarraige go príomha.

I láthair na huaire, níl ach tuairim gharbh againn ar an méid dramhaíola bardasaí a chruthaítear sa Ghraonlainn agus is dóigh linn go bhfuil sé ag dul i méid. Tá rudaí ar

a dtabharfainn oighinn loiscthe i leath de na lonnaíochtaí agus dóitear an dramhaíl faoin aer sa chuid eile, nó cuirtear chuig láithreáin líonta talún í.

I ndeireadh na dála, is dóigh liom go bhfuil gnéithe coitianta ag baint le gach fadhb dramhaíola, ach tá gach ceann acu uathúil. Is ceist áitiúil í an dramhaíl a bhfuil impleachtaí níos leithne ag baint léi. Ní mór an dúbailteacht seo a chur san áireamh i réiteach ar bith."

### Céard faoin dramhaíl ghuaiseach agus dramhaíl leictreonach?

"Sna saoráidí sna bailte is mó déantar ríomhdhramhaíl a dhíchóimeáil agus dramhaíl ghuaiseach a láimhseáil, rudaí a stóráiltear ar an suíomh ansin go dtí go seoltar go dtí an Danmhairg iad. Iompórtálann an Ghraonlainn gach cineál táirgí, lena n-áirítear bia, éadaí agus gluaisteáin, rudaí a thugtar isteach ó Aalborg go háirithe. Luchtaítear dramhaíl ghuaiseach agus ríomhdhramhaíl ar na longa a théann go dtí an Danmhairg ar a dturas fillte."

### Le blianta beaga anuas, tá cuideachtaí ilnáisiúnta mianadóireachta ar thóir cúltaiscí ola nó mianraí gan saothrú. Céard a tharlaíonn do dhramhaíl mhianadóireachta?

"Tá beartas aon dorais i bhfeidhm againn sa Ghraonlainn, rud a ligeann do chuideachtaí mianadóireachta na ceadanna riachtanacha go léir a fháil ón údarás poiblí céanna. Ciallaíonn sé seo go seolann siad a n-iarratais go léir a chuimsíonn gach réimse dá n-oibríochtaí, dramhaíl san áireamh, go dtí an Oifig Mianraí agus Peitriliam.

Tarlaíonn a ngníomhaíochtaí go léir nach mór amach ó na bailte agus na lonnaíochtaí. Maidir le dramhaíl indóite, is féidir leis na cuideachtaí margaí a dhéanamh le bardais áitiúla chun na hionaid loiscthe a úsáid. Cuireann an t-éileamh breise seo ar loscadh brú breise ar an gcumas loiscthe áitiúil."

### Conas mar atá aghaidh á tabhairt agat ar an bhfadhb seo?

"Is é ceann de na roghanna atá á meas faoi láthair ná ionaid loiscthe réigiúnacha a thógáil agus an dramhaíl a iompar. Tá sé soiléir nach féidir linn ionaid chóireála dramhaíola a thógáil i ngach aon bhaile. Tá giniúint teasa á hiniúchadh againn chomh maith — teaghlaigh a théamh trí dhramhaíl a dhó.

Táimid tosaithe ag bunú saoráidí sna bailte níos lú chun ríomhdhramhaíl a díchóimeáil agus dramhaíl ghuaiseach a láimhseáil. Tá gabhdáin á gcur ar fáil againn sna lonnaíochtaí beaga le haghaidh dramhaíl leictreonach agus ghuaiseach, rud is féidir a iompar ansin go dtí na saoráidí sna bailte.

Tá dhá thionscadal phíolótacha á gcur i bhfeidhm againn faoi láthair chun dramhaíl indóite a iompar go dtí bailte ina bhfuil ionaid loiscthe.

Tá plean bainistithe dramhaíola náisiúnta ag Rialtas na Graonlainne agus tá an ghníomhaíocht a luaigh mé ansin mar chuid den phlean sin."






## Le tuilleadh faisnéise a fháil

- Lárionad ilmheán an EEA: an scannán **'Mission Greenland – For a cleaner future'**

# An praghas 'ceart' a shocrú?





# An praghas ‘ceart’ a shocrú?

**Tá geilleagair a lán tíortha i mbéal forbartha dírithe ar acmhainní nádúrtha a shaothrú d’fhonn a gcuid pobal a thabhairt slán ón mbochtaineacht, rud a d’fhéadfadh dochar a dhéanamh do na córais nádúrtha a bhfuil siad ag brath orthu. Is minic a dhéanann réitigh ghearrthéarmacha dochar do leas phobail san fhadtéarma. An féidir le rialtais cabhrú leis na margaí chun an praghas ‘ceart’ a shocrú do sheirbhísí an dúlra agus tionchar a bheith acu ar roghanna geilleagracha? Seo a leanas súil níos géire ar a bhfuil i gceist le húsáid uisce i dtáirgeadh cadáis i gcás Bhuircíne Fasó.**

Ar fud an domhain, tá os cionn billiún duine ag maireachtáil i ‘bhfíorbhochtaineacht’ de réir sainmhínithe an Bhainc Dhomhanda maidir le maireachtáil ar níos lú ná USD 1.25 in aghaidh an lae. Agus cé go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar dhaonra an domhain atá faoi bhochtaineacht le 30 bliain anuas, tá roinnt mhaith tíortha ann — a bhformhór díobh san Afraic — a bhfuil deacrachtaí fós acu dul chun cinn a dhéanamh.

Sna tíortha sin, is minic a bhíonn an ghníomhaíocht gheilleagrach bunaithe ar acmhainní nádúrtha a shaothrú — trí fheirmeoireacht, trí fhoraoiseacht, trí mhianadóireacht agus a leithéidí. Mar thoradh air sin, is féidiréiceachórais a chur faoi bhrú suntasach mar gheall ar iarrachtaí an fás geilleagrach a spreagadh d’fhonn riachtanais na bpobal atá ag fás go sciobtha a shásamh.

In a lán cásanna, déantar acmhainní mar chadás a shaothrú nó a eastóscadh i dtíortha atá i mbéal forbartha agus iad a easpórtáil go réigiúin níos saibhre mar an Eoraip. I bhfianaise na fírinne seo bíonn ról tábhachtach ag tomhaltóirí sa domhan tionsclaithe: d’fhéadfaidís cabhrú chun an ‘billiún duine ar bun’ a ardú ón mbochtaineacht; le seans ann go ndéanfaí dochar dá ndeiseanna trí dhíobháil a dhéanamh do na córais nádúrtha a mbíonn siad ag brath orthu.

## ‘Ór geal’

I gcás Bhuircíne Fasó — tír thor, thalamhiata agus fhíorbhocht ar imeall theas an tSahára – is gnó mór é gnó an chadáis. Déanta na fírinne, is gnó ollmhór atá ann. Tar éis di a táirgeacht a mhéadú go mór le blianta beaga anuas, tá Buircíne Fasó ar an táirgeoir cadáis is mó san Afraic i láthair na huaire. B’ionann an ‘tÓr geal’ mar a thugtar air sa réigiún agus tuairim is 85 % d’ioncam easpórtála Bhuircíne Fasó in 2007 agus 12 % den aschur geilleagrach.

Níos tábhachtaí fós fiú, scaiptear an méid a thuilltear ó chadás go forleathan. Tá 15–20 % den lucht saothair fostaithe san earnáil, ag soláthar ioncam díreach do 1.5–2 milliún duine. Agus é ina phríomhthionscnóir maidir le fás geilleagrach le deich mbliana anuas, tá sé tar éis ioncam cánach a ghiniúint ar féidir leis feabhsuithe i réimsí amhail sláinte agus oideachas a mhaoiniú.

Is léir do mhuintir Bhuircíne Fasó cad iad na buntáistí a ghabhann le cadás a shaothrú. Is minic nach mbíonn na costais chomh soiléir sin.

Ceathrú de na háitritheoirí ar uisce óil atá sábháilte. Is feirmeoirí cothabhála iad thart ar 80 % díobh, atá ag brath ar uisce

## Achoimre ar choincheapa uisce

**Is coincheapa iad loirg uisce agus uisce fíorúil a chabhraíonn linn tuiscint a fháil ar an méid uisce a úsáidimid.**


**Is éard is lorg uisce ann ná toirt an fhionnuisce a úsáidtear chun na hearraí agus na seirbhísí a tháirgeadh a chaitheann duine nó pobal nó a tháirgíonn gnóthas a tháirgeadh. Trí chuid atá ann. Is éard atá i lorg an uisce ghoirm ná toirt an uisce dromchla agus an screamhuisce a úsáidtear chun earraí agus seirbhísí a tháirgeadh. Is éard atá i lorg an uisce ghlais ná méid an uisce báistí a úsáidtear i dtáirgeadh. Agus is éard atá i lorg an uisce léith na toirt an uisce a thruaillítear sa phróiseas táirgthe.**

**Tá sé intuigthe go n-easpórtáiltear 'uisce fíorúil' — an t-uisce a úsáidtear chun an t-earra nó an tseirbhís atá i gceist a tháirgeadh, i gcás aon earra nó seirbhís a easpórtáiltear. Tarlaíonn easpórtálacha uisce fhíorúil nuair a úsáidtear earra nó seirbhís lasmuigh de theorainneacha an dobharcheantair as ar tarraingíodh an t-uisce.**

**I gcás tíortha nó limistéir iompórtála, trí 'uisce fíorúil' a iompórtáil is féidir leo acmhainní uisce intíre a úsáid chun críocha eile, rud a bhíonn an-úsáideach i gcás tíortha ina bhfuil ganntanas uisce. Faraor, is tíortha ina bhfuil ganntanas uisce iad formhór na dtíortha a easpórtálann uisce fíorúil ach bíonn aeráidí grianmhara acu, rud a oireann do tháirgeadh talmhaíochta. Sna tíortha sin ina bhfuil ganntanas uisce, cuireann easpórtáil uisce fhíorúil brú breise ar acmhainní uisce agus is minic a chuirtear costais shóisialta agus eacnamaíochta orthu de thoradh nach bhfuil go leor uisce ar fáil do ghníomhaíochtaí agus riachtanais eile.**

Foinse: **Water Footprint Network**





‘Gan é ach ocht mbliana d’aois, chabhraigh Modachirou Inoussa lena thuismitheoirí sna goirt cadáis. Ar an 29 Iúil 2000 bhí Modachirou ag obair go dícheallach agus rith sé ar ais go dtí an teach agus tart air. Ar a shlí abhaile, tháinig sé ar choimeádán folamh, agus d’úsáid sé é chun uisce a ól ó dhíog. Níor tháinig sé abhaile an tráthnóna sin. Chuaigh pobal na háite á chuardach agus tháinig siad ar a chorp in aice le buidéal folamh Callisulfan.’

**Nimhiú Endosulfan san Afraic Thiar,**
tuairiscithe ag PAN UK (2006)



chun a mbunriachtanais bia agus foscaidh a shásamh. Agus de réir na hEagraíochta Meitéareolaíche Domhanda (EMD), tá an t-éileamh bliantúil ar acmhainní uisce 10-22 % os cionn na méide atá ar fáil.

Sa chomhthéacs sin, tá cuma bhaolach ar an méadú suntasach atá tagtha ar tháirgeadh cadáis le blianta beaga anuas. Úsáidtear an-chuid uisce chun cadás a fhás — bíonn uisciú riachtanach le linn na míonna tirime agus úsáideann sé níos mó uisce ná aon bharr eile a shaothraítear go forleathan.

Nuair a leithdháiltear uisce do tháirgeadh cadáis fágann sé nach n-úsáidtear uisce chun cuspóirí féideartha eile. Déantar an chuid is mó den fhómhar a easpórtáil, rud a chiallaíonn go n-úsáidtear toirteanna móra uisce chun éilimh na dtomhaltóirí thar lear a shásamh. Tugtar 'uisce fíorúil' a easpórtáil ar an bpróiseas sin.

Déantar leath de chadás Bhuircíne Fasó a easpórtáil chun na Síne, áit a ndíoltar é le monarchana sníomhacháin áitiúla agus uathu sin go dtí déantúsóirí éadaí a fhreastalaíonn ar mhargaí domhanda. Ag deireadh shlabhra an tsoláthair, is amhlaidh gurb iad tomhaltóirí na n-earraí cadáis a iompórtálann toirteanna suntasacha uisce — uaireanta ó áiteanna ar domhan atá i bhfad níos tirime. I gcás an chadáis, léiríodh i staidéar amháin go raibh 84 % de lorg uisce na hEorpa lasmuigh den Eoraip.

I gcás tíortha tirime ar nós Bhuircíne Fasó, b'fhearr táirgí dianuisce a iompórtáil, ná a easpórtáil de ghnáth. I ndeireadh na dála, d'fhéadfadh easpórtáil 'uisce fhíorúil' a fhágáil nach mbeadh dóthain uisce fágtha do dhaoine agus d'éiceachórais áitiúla. Leis an méid sin ráite, an t-aon slí is féidir breithiúnas a thabhairt ar cibé acu an rogha mhaith nó olc í do Bhuircíne Fasó uisce a úsáid chun cadás a shaothrú ná trí mheasúnú a dhéanamh ar na costais agus tairbhí iomlána i gcomparáid le húsáideanna eile. Leis féin, ní féidir le coincheap an uisce fhíorúil an tslí is fearr a léiriú dúinn chun uisce a bhainistiú, fiú má sholáthraíonn sé eolas úsáideach dúinn ar na tionchair a bhíonn ag ár roghanna i dtaca le táirgeadh agus úsáid.

## Níos mó truaillithe, níos lú foraoiseachta

Ní hí úsáid uisce an t-aon chúis imní a ghabhann le cadás a tháirgeadh i mBuircíne Fasó. De ghnáth bíonn dianúsáid lotnaidicídí i gceist le saothrú cadáis. Go deimhin féin, tá 16 % d'úsáid lotnaidicídí ar domhan gafa leis an gcadás, cé nach gclúdaíonn cadás ach 3 % de thalamh saothraithe ar domhan.

Is féidir leis na hiarmhairtí ar dhaoine agus ar éiceachórais a bheith an-dian. Ach ós rud é nach mbraitheann na daoine a bhfuil na lotnaidicídí á n-úsáid acu na héifeachtaí uile agus b'fhéidir fiú nach bhfuil siad ar an eolas fúthu, ní chuireann siad san áireamh iad ina gcuid cinnteoireachta. (Ar an mbonn sin, tá sé tábhachtach go ndéanfaí saothróirí áitiúla a theagasc agus a chur ar an eolas maidir le lotnaidicídí agus a n-éifeachtaí.)

Ní hé an t-uisce an t-aon acmhainn a úsáidtear. Acmhainn ríthábhachtach eile is ea talamh. Mar is amhlaidh i gcuid mhór áiteanna, is féidir an talamh i mBuircíne Fasó a úsáid ar a lán slite éagsúla. An iad na daoine ó Bhuircíne Fasó a bhaineann an leas is mó as an talamh a úsáid do tháirgeadh cadáis?

## D’fhéadfadh sé nach mbeadh rud atá chun leasa duine amháin chun leasa cách

Ní haon ráiteas áiféiseach é sin. Tháinig laghdú 18 % ar cheantar foraoiseachta Bhuircíne Fasó sa tréimhse ó 1990-2010. Fairsingiú na talmhaíochta i bpáirt ba chúis leis sin, agus tá an ráta laghdaithe ag méadú. Seans gurbh fhearr le húinéir príobháideach foraoise i mBuircíne Fasó cadás a shaothrú mar go bhfuil brabús níos mó le déanamh as an adhmad a dhíol (nó é a úsáid mar bhreosla) agus an talamh a shaothrú, ná an fhoraois a chaomhnú. Ach seans nach é seo an cinneadh is fearr do Bhuircíne Fasó — dá mhuintir ná dá n-éiceachórais.

Déanann foraoisí i bhfad níos mó buntáistí ná luach an adhmaid amháin a sholáthar don duine – i gcian agus i gcóngar. I measc rudaí eile, soláthraíonn siad gnáthóg don bhithéagsúlacht, déanann siad creimeadh ithreach a chosc, dé-ocsaíd charbóin a ionsú, agus soláthraíonn siad deiseanna áineasa chomh maith. Dá mbeadh cinneadh le déanamh ag an tsochaí ina hiomláine maidir le húsáid na talún — agus dá ndéanfaí an cinneadh sin bunaithe ar mheasúnú iomlán ar chostais agus tairbhí na roghanna éagsúla — is dócha nach n-úsáidfí an talamh agus an t-uisce go léir chun cadás amháin a tháirgeadh.

Is saincheist ríthábhachtach í an difríocht seo idir tairbhí agus costais daoine aonair agus tairbhí agus costais na sochaí.

Nuair a bhíonn plé á dhéanamh ar shaincheisteanna — cá mhéad uisce le húsáid chun cadás a tháirgeadh, cá mhéad lotnaidicídí ba cheart a úsáid, cá mhéad talamh atá riachtanach — déanann feirmeoirí ar fud an domhain cinneadh bunaithe ar chostais agus ar thairbhí. Ach cé gur féidir le feirmeoir na buntáistí iomlána a bhaint as cadás a dhíol, de ghnáth ní bhíonn air nó uirthi na costais uile a íoc. Is minic nach n-áirítear na hiarmhairtí sláinte a ghabhann le húsáid lotnaidicídí, mar shampla, sa chostas a ghabhann le lotnaidicídí a cheannach. Dá réir sin, déantar na costais a chur ar dhaoine eile chomh maith, glúine amach anseo san áireamh.

Tagann fadhbanna chun cinn mar, de réir mar a dhéanaimid féin, tá formhór na gcinntí á ndéanamh ag an bhfeirmeoir bunaithe ar a leas féin. Ansin cuirtear an saobhadh sin ar aghaidh trí na margaí domhanda. Is bréagléiriú iad na praghsanna a íocann trádálaithe, déantúsóirí eadaí agus, i ndeireadh thiar, tomhaltóirí, ar na costais agus na buntáistí a bhaineann le hacmhainní a úsáid agus earraí a tháirgeadh.

Is fadhb thromchúiseach í seo. Sa chuid is mó den domhan, úsáidtear margaí agus praghsanna mar threoir chinnteoireachta dúinn, mar sin más bréagléiriú atá sna praghsanna maidir leis na hiarmhairtí táirgthe agus úsáide ansin beidh cinntí neamheolasacha á ndéanamh againn. Is léir ó thaithí gur meicníocht an-éifeachtach iad margaí chun sinn a threorú nuair atá cinntí á ndéanamh againn maidir le húsáid acmhainní, táirgeadh agus chun an rathúnas a mhéadú. Ach nuair a bhíonn na praghsanna mícheart, teipeann ar mhargaí.







**’Tá cónaí ar 99 % d’fheirmeoirí cadáis an domhain i dtíortha i mbéal forbartha. Fágann sé sin go n-úsáidtear lotnaidicídí in áiteanna ina mbíonn an neamhlitearthacht ard agus an fheasacht ar shábháilteacht íseal, rud a chuireann an comhshaol agus daoine araon i mbaol.’**

**Steve Trent,** Stiúrthóir an Environmental Justice Foundation

## Nuair a theipeann ar mhargaí: ceartúcháin agus sriantachtaí

Céard is féidir linn a dhéanamh faoi? Go feadh méid áirithe is féidir le rialtais céimeanna a ghlacadh chun teipeanna margaí a cheartú. Is féidir leo rialacháin agus cánacha a fhorchur maidir le húsáid uisce agus lotnaidicídí chun go n-úsáidfidh feirmeoirí níos lú acu nó go n-aimseoidh siad roghanna eile nach bhfuil chomh dochrach. Mar rogha air sin, d'fhéadfaidís íocaíochtaí le húinéirí foraoise a eagrú, le go n-áireofaí na buntáistí a sholáthraíonn foraoisí don tsochaí, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta — agus foinse ioncam eile a sholáthar dóibh ar an gcaoi sin. Is é croí na faidhbe cothromaíocht a aimsiú le go mbeadh na dreasachtaí don duine agus don tsochaí ag teacht le chéile.

Tá sé tábhachtach chomh maith faisnéis a sholáthar do thomhaltóirí le dul leis an bhfaisnéis sna praghsanna. Tá fás ag teacht in an-chuid tíortha ar na lipéid a thugann eolas dúinn faoi conas a tháirgtear earraí, chomh maith le feachtais ag grúpaí leasmhara d'fhonn an fheasacht agus an tuiscint ar na ceisteanna sin a mhéadú. Bheadh an-chuid againn toilteanach níos mó a íoc nó níos lú a úsáid dá mbeadh tuiscint againn ar thionchar ár roghanna.

I gcásanna áirithe, is gá do ar rialtais níos mó a dhéanamh ná an margadh a cheartú; ní mór dóibh díreach srian a chur ar a fheidhm maidir le hacmhainní a leithdháileadh. Bíonn uisce ag teastáil ón duine agus ó éiceachórais araon chun go mairfidh siad agus go mbeidh rath orthu.

Gan amhras, is iomaí duine a áiteodh go bhfuil sé de *cheart* ag daoine dóthain uisce a bheith ar fáil dóibh lena ól, le aghaidh bia agus sláintíochta agus le timpeallacht shláintiúil a bheith acu. D'fhéadfadh, dá réir sin, dualgas a bheith ar rialtais a dheimhniú go sásaítear na riachtanais sin sula n-úsáidtear an margadh chun an chuid eile den uisce a leithdháileadh.

Ar ais i mBuircíne Fasó, tá an rialtas agus comhpháirtithe idirnáisiúnta ag díriú ar an mbunriachtanas maidir le rochtain ar uisce óil sábháilte. Cé nach bhfuil rochtain ag os cionn ceathrú de na háitritheoirí ar an méid sin, tá feabhas suntasach tagtha ar chúinsí fós féin i gcomparáid le 20 bliain ó shin, nuair nach raibh an rochtain sin ag 60 % de na háitritheoirí.

## Dreasachtaí a athrú

Ar fud an domhain, tá iarrachtaí ar bun chun margaí oscailte a cheartú agus a shrianadh, agus ag an am céanna leas a bhaint as na buntáistí a ghabhann leo. I láthair na huaire, áfach, is minic gur bréagléiriú a a thugtar le praghasanna margaí — agus déanann táirgeoirí agus tomhaltóir araon droch-chinntí dá mbarr.

Dá mbeadh margaí ag feidhmiú i gceart agus dá léireodh na praghsanna costais agus tairbhí iomlána ár ngníomhartha, an mbeadh cadás á tháirgeadh i mBuircíne Fasó?

Cé nach féidir é a dheimhniú go cinnte, tá an chuma air go mbeadh. I gcás tíre atá an-bhocht, talamhiata, agus bocht ó thaobh acmhainní de ar nós Bhuircíne Fasó, níl aon bhealaí éasca ann chun rathúnas a bhaint amach. Ar a laghad is féidir tuilleamh suntasach a dhéanamh in earnáil an chadáis, rud a sholáthraíonn bunús d'fhorbairt gheilleagrach agus a chuireann feabhas ar chaighdeán na maireachtála.


Ach má leantar ar aghaidh le cadás a tháirgeadh, ní chaithfear leanúint ar aghaidh le teicnící táirgthe dianúsáide uisce agus lotnaidicídí. Ná leanúint ar aghaidh ag laghdú na gceantar foraoiseachta. Má úsáidtear modhanna malartacha, mar tháirgeadh orgánach cadáis, is féidir úsáid an uisce a laghdú agus gan ghá ar bith a bheith le lotnaidicídí a úsáid. Tá na costais dhíreacha a ghabhann le cadás orgánach a shaothrú níos mó — rud a fhágann go mbeidh na praghsanna do thomhaltóirí níos airde — ach nuair a áirítear an laghdú ar na costais neamhdhíreacha a fhorchuirtear ar shaothróirí cadáis agus ar a bpobail, déantar an costas breise a chúiteamh.

## Is é do rogha é

Gan amhras, bíonn ról ag lucht déanta beartas ó thaobh cabhrú le margaí feidhmiú i gceart, le go soláthróidh comharthaí praghsanna dreasachtaí do chinnteoireacht inbhuanaithe. Ach ní faoin lucht déanta beartas amháin atá sé — is féidir le saoránaigh eolasacha difríocht a dhéanamh chomh maith.

De bharr slabhraí soláthair domhanda bíonn tionchar suntasach ag cinntí déantúsóirí, miondíoltóirí agus tomhaltóirí san Eoraip ar dhaoine i bhfad i gcéin in áiteanna cosúil le Buircíne Fasó. I measc na dtionchar sin tá, fostaíocht agus tuilleamh a chruthú, ach d'fhéadfadh ró-shaothrú ar acmhainní teoranta uisce agus daoine agus éiceachórais áitiúla a nimhiú a bheith ar na tionchair sin freisin.

I ndeireadh na dála, is ag na tomhaltóirí atá an chumhacht cinneadh a dhéanamh. Díreach mar is féidir le lucht déanta beartas ár gcuid úsáide a threorú trí thionchar a bheith acu ar phraghsanna, is féidir le tomhaltóirí leideanna a thabhairt do tháirgeoirí trí chadás a fhástar go hinbhuanaithe a éileamh. Is fiú machnamh a dhéanamh air sin an chéad uair eile a bheidh brístí géine á gceannach agat.



## Le tuilleadh faisnéise a fháil

- Maidir le hionstraimí margadhbhunaithe, **Market-based instruments for environmental policy in Europe**, (Ionstraimí margadhbhuanithe do bheartas comhshaoil san Eoraip), Tuarascáil Theicniúil EEA 8/2005.
- Maidir le táirgeadh cadáis i mBuircíne Fasó: Kaminski, 2011, **Cotton dependence in Burkina Faso: Constraints and opportunities for balanced growth,** (Spleáchas ar Chadás i mBuircíne Fasó: Srianta agus deiseanna maidir le fás cothrom), Foilseacháin an Bhainc Dhomhanda.

# Gar-amharc



# An bhfuil sé stuama ó thaobh cúrsaí gnó?

**Idir fhiontair bheaga agus chuideachtaí ilnáisiúnta, tá cuid mhaith cuideachtaí ag lorg bealaí chun a gcuid sciartha den mhargadh a mhéadú. Nuair atá géar-iomaíocht dhomhanda ann, tá gá le níos mó ná ’glasú’ na híomhá corparáidí agus gearradh siar ar chostais táirgthe chun inbhuanaitheacht a bhaint amach. B’fhéidir gur línte nua gnó a bheadh i gceist leis.**

Seans maith nár luadh ionsaí ápaí móra i measc na bpríomhrioscaí gnó ag Unilever, ach tharla sé mar sin féin. Ar an 21 Aibreán 2008, d’ionsaigh gníomhaithe de chuid Greenpeace ceanncheathrú Unilever i Londain agus a chuid saoráidí ag Merseyside, sa Róimh agus in Rotterdam, agus iad gléasta mar órang-útain. Bhí na gníomhaithe ag agóid faoin dochar a bhí déanta d’fhoraoiseacha báistí trópaiceacha na hIndinéise trí tháirgeadh ola phailme, ábhar a úsáidtear i gcuid mhaith táirgí a dhéanann Unilever. Tamall gearr tar éis an ruathair, d’fhógair an chuideachta go mbeadh sí ag fáil a cuid ola phailme go léir ó fhoinsí ‘inbhuanaithe’ faoi 2015. Ó shin i leith, tá plean gnó leagtha amach ag an gcuideachta chun inbhuanaitheacht a chur ag croílár a cleachtas.

D’fhéadfadh cuid mhaith fáthanna éagsúla cuideachta ilnáisiúnta a spreagadh chun cleachtais níos inbhuanaithe a leanúint. D’fhéadfadh na fáthanna sin a bheith nasctha le híomhá chorparáideach na cuideachta nó le híomhá a brandaí. D’fhéadfadh inbhuanaitheacht a bheith á héileamh ag infheisteoirí na cuideachta chomh maith, dream a bhféadfadh drogall a bheith orthu a gcuid airgid a infheistiú i gcuideachtaí nach ndíríonn ar rioscaí athraithe comhshaoil nó nach bhfuil suim acu i leas a bhaint as tairbhí na héicea-nuálaíochta.

Mar a deir Karen Hamilton, Leasuachtarán na hInbhuanaitheachta ag Unilever: ‘ní fheicimid aon choimhlint idir an fás agus an inbhuanaitheacht. Tá sé seo á éileamh ag tuilleadh tomhaltóirí i gcónaí i ndáiríre.’

Nó, i mbeagán focal, b’fhéidir go mbeadh sé stuama ó thaobh cúrsaí gnó cleachtais inbhuanaithe a leanúint. D’fhéadfadh cuideachtaí buntáiste iomaíoch a bhaint amach agus a sciar den margadh a mhéadú.D’fhéadfadh deiseanna nua gnó a bheith i gceist leis chomh maith d’éicea-fhiontraithe nuálaíocha atá ag tabhairt airde ar an éileamh atá ag dul i méid ar tháirgí ‘glasa’.

Chomh maith leis sin, deir Karen, ‘Tá laghdú costais i gceist le hinbhuanaitheacht chomh maith. Más féidir linn laghdú a dhéanamh ar phacáistiú, is féidir linn gearradh siar ar úsáid fuinnimh sa mhonarcha, rud a spárálfaidh airgead agus a mhéadóidh an brabús.’

## Cá háit le smaointe a chuardach

Chomh luath is a leanfaidh cuideachtaí ilnáisiúnta móra cleachtais níos glaise, is féidir leo difríocht phraiticiúil a dhéanamh toisc go bhfuil siad chomh mór sin. Is gnách dóibh iarraidh ar a bpiaraí cleachtais chomhchosúla a leanúint. Agus é bunaithe díreach roimh Chruinniú Mullaigh Rio in 1992 chun guth a thabhairt don earnáil ghnó, is ardán é an Chomhairle Ghnó Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe (WBCSD) a bunaíodh chun inbhuanaitheacht a chur chun cinn san earnáil ghnó. I dtuarascáil an WBCSD, Vision 2050 (Fís 2050), a cuireadh i dtoll a chéile le príomhfheidhmeannaigh agus saineolaithe ceannaireachta, déantar cur síos ar na rudaí riachtanacha is cóir don earnáil ghnó a chur i bhfeidhm sna blianta amach romhainn, ar mhaithe le hinbhuanaitheacht dhomhanda a bhaint amach. I bhfocail eile, glao ar inbhuanaitheacht ón taobh istigh atá ann.

Tá na príomhriachtanais a d'aithin an WBCSD i gcomhréir le cuid mhaith de chuspóirí lucht déanta beartas: costais na díobhála don chomhshaol a chur san áireamh i bpraghsanna margaidh; bealaí éifeachtúla a aimsiú chun tuilleadh bia a tháirgeadh gan tuilleadh talún agus uisce a úsáid; stop a chur le dífhoraoisiú; astuithe carbóin a laghdú ar fud an domhain trí athrú go fuinneamh atá neamhdhíobhálach don chomhshaol; agus fuinneamh a úsáid go héifeachtúil i ngach áit, lena n-áirítear san earnáil iompair.

Is tionscnamh eile é an Tionscadal Nochta Carbóin (CDP) a chuireann inbhuanaitheacht chun cinn san earnáil ghnó. Is eagraíocht neamhbhrabúsach é atá dírithe ar astuithe gáis cheaptha teasa agus úsáid uisce a laghdú i ngnóthaí agus i gcathracha. Chomh maith leis sin, cabhraíonn an CDP le hinfheisteoirí measúnú a dhéanamh ar rioscaí gnó a bhaineann leis an gcomhshaol, amhail athrú aeráide, ganntanas uisce, tuilte agus truailliú, nó fiú ganntanas amhábhar. Tá tionchar tábhachtach ag infheisteoirí ar maidir le cé na cuideachtaí a thagann slán, go háirithe i gcomhthéacs na géarchéime airgeadais faoi láthair.

## Níl réiteach amháin oiriúnach do gach cás

Tá an cheist ann go fóill: conas is féidir le cuideachta coincheap na hinbhuanaitheachta a athrú go bainistíocht ghnó? Níl réiteach amháin oiriúnach do gach cás, ach tá cuid mhaith comhairle agus tacaíochta ar fáil.

Soláthraíonn ardáin ghnó inbhuanaithe amhail an Chomhairle Ghnó Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe agus an Tionscadal Nochta Carbóin treoir do chuideachtaí atá ag iarraidh a bheith ar thús chadhnaíochta. Tá moltaí níos spriocdhírithe ann chomh maith, amhail Treoirlínte na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) d'Fhiontair Ilnáisiúnta, treoirlínte a ghabhann le Dearbhú an ECFE maidir le hInfheistíocht Idirnáisiúnta agus Fiontair Ilnáisiúnta.

Soláthraíonn siad prionsabail agus caighdeáin dheonacha le haghaidh iompar freagrach gnó do chorparáidí ilnáisiúnta atá ag oibriú i dtíortha a chloíonn leis an Dearbhú.

Is scéimeanna deonacha iad an chuid is mó de na scéimeanna atá ann cheana, áfach, agus dírítear orthu de ghnáth i gcomhthéacs leathan na freagrachta corparáidí sóisialta.

Ní hiad na príomhbhainisteoirí amháin sna cuideachtaí éagsúla a stiúrann an t-athrú go cleachtais inbhuanaithe. D'fhéadfadh Rialtais agus údaráis phoiblí trí chéile cabhrú le cuideachtaí, trí chothrom na féinne a chruthú agus dreasachtaí a sholáthar. Ní móide gur gá feistis órang-útain i gcónaí, ach is féidir le tomhaltóirí agus an tsochaí shibhialta teachtaireacht láidir a thabhairt don earnáil phríobháideach chomh maith, trína thaispeáint go bhfuil suim i measc an phobail i dtáirgí atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.

Dearbhaíonn Karen é sin: 'Is cinnte gur gá do rialtais agus don tsochaí shibhialta obair a dhéanamh le chéile. D'fhéadfadh cuideachtaí fíordhifríocht a dhéanamh i slabhraí soláthair trasteorann agus, ar ndóigh, sa scála ar a sroicheann siad na tomhaltóirí.'




## Le tuilleadh faisnéise a fháil

- Comhairle Ghnó Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe: **www.wbcsd.org**
- An Tionscadal Nochta Carbóin: **www.cdp.net**

# Áitiúil agus domhanda





# Áitiúil agus domhanda

**Nuair atá acmhainní riachtanacha amhail uisce agus talamh gann nó nuair atá an brú orthu ag dul i méid, d'fhéadfadh an cheist faoi cé na daoine a dhéanann na cinntí a bheith chomh tábhachtach leis an gcaoi a mbainistítear agus a n-úsáidtear acmhainní nádúrtha. Is minic a bhíonn gá le comhordú domhanda, ach ní féidir rud ar bith a dhéanamh i measc an phobail mura bhfuil tacaíocht agus rannpháirtíocht áitiúil i gceist.**

Is dócha go bhfuil scéal Hans Brinker ar eolas againn go léir, ba é Hans an buachaill óg Ollannach a chaith an oíche lena mhéar i bpoll sa chladán, ionas nach silfeadh uisce isteach agus cathair Harlem a bhá. Is minic go mbíonn ionadh ar dhaoine a chloisteáil gurbh údar Meiriceánach, Mary Mapes Dodge (1831-1905), bean nár thug cuairt ar an Ísiltír riamh, a scríobh an scéal sin.

Níl Joep Korting chomh cáiliúil sin, ach is príomhcheangal é i gceann de na córais bhainistíochta uisce is sofaisticiúla ar domhan, ina gcuimsítear riarachán áitiúil, réigiúnach agus náisiúnta, chomh maith le ceangail le húdaráis i dtíortha eile agus córais mhonatóireachta ríomhairithe sofaisticiúla ina n-úsáidtear satailítí chun an bonneagar a sheiceáil an t-am go léir.

Tá Joep ar dhuine de na ceangail ar an talamh agus é riachtanach do chur i bhfeidhm píosa reachtaíochta de chuid an AE atá ar na píosaí reachtaíochta is uaillmhianaí agus is cuimsithí dá raibh ann riamh – an Chreat-Treoir Uisce (CTU).

Sa Chreat-Treoir Uisce, iarrtar go ndéanfar gníomhú comhordaithe chun 'dea-stádas' a bhaint amach d'uiscí uile an AE, lena n-áirítear uisce dromchla agus screamhuisce, faoi 2015. Leagtar amach freisin inti an chaoi ar chóir dúinn ár n-acmhainní uisce a bhainistiú agus é bunaithe ar dhúichí abhantrach nádúrtha. Tá roinnt píosaí reachtaíochta eile de chuid an AE, amhail an Chreat-Treoir um Straitéis Mhuirí agus an Treoir maidir le Tuilte, tacaítear leis an gCreat-Treoir Uisce chun dobharlaigh agus beatha uisceach na hEorpa a fheabhsú agus a chosaint.

## Machnamh as an nua ar an gcaoi ina mairimid

Ní rún é gur ceist mhór é an t-uisce san Ísiltír. Tá thart ar 25 % dá hachar talún – ar a bhfuil 21 % de dhaonra na hÍsiltíre ina gcónaí – thíos faoi leibhéal na farraige. Níl 50 % den achar talún ach méadar amháin os cionn leibhéal na farraige. Ach ní mór don Ísiltír déileáil le nithe eile seachas an fharraige. Tá soláthar fionnuisce do shaoránaigh agus do ghnóthaí, bainistíocht aibhneacha a shruthaíonn ó thíortha eile, chomh maith le ganntanais uisce i dtréimhsí teo ar chuid de na dualgais is gá a chur i gcrích.

Níl muintir na hÍsiltíre leo féin. Tá an t-uisce ag teacht chun bheith ina cheist ríthábhachtach ar fud an domhain. Tharla méadú gan fasach ar an daonra, ar an ngeilleagar, ar chaitheamh agus ar chruthú dramhaíola le linn an 20ú céad. Tá astarraingt uisce agus an méid sin amháin tar éis méadú faoi thrí le 50 bliain anuas.


Níl san uisce ach ceann amháin de na hacmhainní atá faoi bhrú atá ag dul i méid. Tá go leor fadhbanna comhshaoil eile ann, idir cháilíocht an aeir agus an fháil ar thalamh, a bhfuil príomhfhorbairtí amhail fás daonra, fás geilleagar agus méadú ar chaitheamh tar éis tionchar ollmhór a imirt orthu.





Is acmhainn riachtanach é uisce. Cothaíonn sé muid, nascann sé muid agus cabhraíonn sé linn rathú. Ní fhéadfadh ár sochaithe maireachtáil gan fionnuisce. Táimid ag brath air, ní hamháin chun ár mbia a fhás, ach chun beagnach na hearraí agus na seirbhísí eile go léir a úsáidimid a tháirgeadh.





Cé nach bhfuil léargas iomlán againn air, tá an méid atá ar eolas againn faoin gcomhshaol ag cur in iúl dúinn gur chóir dúinn machnamh as an nua a dhéanamh ar an gcaoi a n-úsáidimid agus a mbainistímid ár n-acmhainní. D'fhéadfadh sé a bheith i gceist leis an machnamh as an nua seo — an geilleagar glas — athrú ó bhonn a dhéanamh ar an gcaoi a gcaithimid ár saol, a ndéanaimid gnó, a gcaithimid agus ndéanaimid déileáil lenár ndramhaíl, rud a d'athródh ár gcaidreamh iomlán leis an bpláinéad. Príomheilimint den gheilleagar glas is ea bainistíocht éifeachtúil na n-acmhainní nádúrtha ar domhan.

Ach céard is brí le bainistíocht éifeachtúil acmhainní? Céard a bheadh i gceist léi ó thaobh uisce de?

## Bainistíocht uisce allamuigh

Tosaíonn Joep dá chuid oibre ag an údarás áitiúil uisce in Deurne, san Ísiltír, ar 8.00 gach maidin. Ar na príomhdhualgais a chaithfidh sé a dhéanamh, tá líon beag de na 17,000 ciliméadar cladán sa tír bheag seo a sheiceáil — cuireann 5,000 ciliméadar díobh seo cosaint ar fáil ar an bhfarraige agus ar na haibhneacha móra.

Déanann Joep seiceáil chomh maith ar na canálacha, na loic agus na bualchomhlaí — uaireanta, baineann sé dramhaíl nó gearrthóga talmhaíochta astu, agus deisíonn sé trealamh atá briste uaireanta eile. Cibé dualgas a bhíonn ar bun aige, bíonn airde an uisce á tomhas aige de shíor agus é ag nótáil athruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh chun í a bhainistiú.

Tá 500 cora sa cheantar ina n-oibríonn Joep agus déantar monatóireacht laethúil orthu. Ardaítear agus íslítear leibhéal an uisce de réir mar a chuirtear na coraí suas nó síos, ar mhaithe le gluaiseacht an uisce ar fud an réigiúin a rialú. In ainneoin na gcóras ardteicneolaíochta go léir, oibríonn Joep agus seachtar comhghleacaithe de láimh agus seiceálann siad na loic gach lá. Déantar monatóireacht leanúnach ar leibhéil an uisce agus tá plean gníomhaíochta éigeandála agus línte fóin éigeandála 24 uair ann.

## Daonlathas páirtithe leasmhara

Tá cinntí á gcur i bhfeidhm ag Joep agus a chomhghleacaithe a dhéanann boird uisce na hÍsiltíre. Tá 25 Bord Uisce áitiúil san Ísiltír faoi láthair. Agus iad ag obair i gcomhar le chéile, is ionann iad agus coincheap institiúideach ón 13ú haois, nuair a tháinig feirmeoirí le chéile chun comhaontuithe a dhéanamh chun uisce a dhraenáil le chéile óna bpáirceanna. Murab ionann agus boird eile, tá na boird uisce go hiomlán neamhspleách ar an rialtas áitiúil agus tá a mbuiséid agus a dtoghcháin féin acu – rud a fhágann gurb iad na boird uisce na hinstitiúidí daonlathacha is sine san Ísiltír.

'Fágann sé sin nach mbímid san iomaíocht le hinfheistíochtaí i bpáirceanna imeartha áitiúla, in áiseanna scoile, i gclub óige ná i mbóthar nua nuair a bhíonn pléite faoin mbuiséad nó toghcháin áitiúla ar siúl — cinntí a bhféadfadh gean níos mó a bheith ag an bpobal orthu,' arsa Paula Dobbelaar, Ceann dúiche de chuid an bhoird uisce in Aa en Maas agus ceannasaí Joep.



'Chomh maith leis sin bíonn gníomhaíochtaí ar siúl againn ó lá go lá, mar shampla, maidir leis an gCreat-Treoir Uisce. Táimid ag iarraidh níos mó saoirse a thabhairt dár n-aibhneacha — a ligean dóibh lúbadh agus a mbealaí féin a aimsiú agus gan dul i línte díreacha amháin. Má thugann tú an tsaoirse seo dóibh agus má chuireann tú tuilleadh spáis ar fáil, tiocfaidh athrú mór orthu — tagann siad chun bheith ina gcuid d'éicea-chóras níos nádúrtha arís,' a deir Paula.

'Is é an fhadhb san Ísiltír ná go rabhamar thar a bheith eagraithe agus gur éirigh linn déileáil le ceisteanna uisce san am atá caite — choinníomar gach duine sábháilte ar feadh 50 bliain — agus déanann daoine talamh slán de sin ar fad anois. Mar shampla, thit báisteach an-trom sa chuid seo den Mhór-Roinn anuraidh agus cé go raibh daoine sa Bheilg thar a bheith buartha faoi seo, níorbh amhlaidh an scéal do mhuintir na hÍsiltíre — ghlac siad leis go ndéileáfaí leis,' arsa Paula.

Mar a luadh cheana, déantar comhaltaí an údaráis áitiúil uisce a thoghadh, ach ní bhíonn ach 15 % den daonra ag vótáil sna toghcháin seo. 'Níl sé ionadaíoch i ndáiríre agus is amhlaidh an scéal toisc go bhfuil muintir na hÍsiltíre beagán fuarchúiseach i leith cúrsaí uisce anois,' a deir sí.

## An speictream leathan idir áitiúil agus domhanda

Ní mór do na príomhroghanna beartais maidir le bainistíocht éifeachtach inbhuanaithe uisce an nuálaíocht theicniúil, rialachas solúbtha agus comhoibríoch, rannpháirtíocht agus feasacht an phobail, chomh maith le huirlisí geilleagracha agus infheistíochtaí a chuimsiú. Tá rannpháirtíocht daoine riachtanach ar leibhéal áitiúil.

'Is cinnte go gceanglaíonn uisce go domhanda agus go háitiúil muid — na fadhbanna agus na réitigh,' arsa Sonja Timmer, bean a oibríonn i Roinn Idirnáisiúnta Chumann Ollannach na mBainisteoirí Uisce Réigiúnacha, arb í an scáth-eagraíocht í do bhainistiú uisce ar fud na hÍsiltíre.

'Is é fírinne an scéil ná cé go bhfuil caighdeáin sábháilteachta ar ardleibhéal san Ísiltír, tá ardleibhéil farraige ann anois, chomh maith le geimhrí thar a bheith tirim agus níos mó cásanna de bháisteach throm 'gan choinne' i Lúnasa; agus le blianta beaga anuas, mar thoradh ar bháisteach throm san Eilvéis agus sa Ghearmáin, tá an leibhéal uisce sa Réin an-ard. Tagann an t-uisce sin go dtí an áit seo.'





## Béim a choinneáil ar an gcomhshaol

'Is léir go bhfuil gníomhú idirnáisiúnta i gceist le déileáil le níos mó uisce ag amanna áirithe agus é ag sruthú thar theorainneacha idirnáisiúnta, nó le déileáil le leibhéil farraige níos airde. Táimid mar chuid de líonra idirnáisiúnta agus tuigimid ón taithí atá againn go léir go n-éiríonn ár bpost níos deacra mura mbíonn uisce mar scéal nuachta gach lá,' arsa Sonja.

'I mo chás-sa, tá baint ag ár n-obair áitiúil leis an obair náisiúnta agus idirnáisiúnta,' arsa Paula. Ar láimh amháin, tá fostaithe againn a théann timpeall ag seiceáil coraí agus cúrsaí uisce .... Agus ag cinntiú go bhfuil siad glan agus go bhfuil na leibhéil uisce ann a theastaíonn ónar gcliaint (feirmeoirí, saoránaigh, eagraíochtaí caomhnaithe dúlra). Ar an láimh eile, tá pleananna móra againn a athraítear ó phrionsabail arda theibí Chreat-Treoir Uisce an AE go fíorphrótacail do Joep, ar mhaithe le hobair allamuigh a dhéanamh. Tá tuiscint agam ar an ngné áitiúil sin anois. Roimhe seo, d'oibrigh mé ar fud an domhain ag obair ar leibhéal straitéiseach — ar ardleibhéal, gan mórán tuisceana ar an ngá leis na struchtúir áitiúla a bheith i gceart.'

'Bíonn sé an-deacair do dhá chos a choinneáil ar an talamh nuair a bhíonn tú i do shuí le hairí, agus sibh ag plé straitéis uisce domhanda. Is ceist mhór í seo do thíortha i mbéal forbartha — go leor straitéise ar an ardleibhéal — beagán tuisceana, bonneagair agus infheistíochta ar an talamh.'

'Anois agus ceisteanna uisce ag teacht chun bheith ina bhfadhb phráinneach san Eoraip, tá gá againn le cur chuige áitiúil 'na gcos ar an talamh', chomh maith leis na pleananna móra, arsa Paula.

'Tá ochtar agam a bhíonn amuigh ag seiceáil na loc gach lá. Tá cónaí orthu go léir anseo agus tuigeann siad na daoine áitiúla agus na dálaí áitiúla. Mura bhfuil na nithe seo ann, teipfidh plean amháin agus ní dhéanfar ach ceann eile a chur ina áit. Ní mór dúinn go léir obair a dhéanamh air sin — difríocht a dhéanamh ar leibhéal áitiúil — daoine a chumhachtú le déileáil lena gceisteanna uisce féin,' a deir sí.

'Tá ríthábhacht ag baint leis an leibhéal áitiúil chomh maith,' dar le Sonja. 'D'fhéadfadh foirmeacha éagsúla a bheith i gceist le rialachas, an cur chuige feidhmiúil díláraithe agus sin an fáth a n-oibríonn sé. Ní mór dúinn teagmháil a dhéanamh le daoine arís agus a mhíniú dóibh go bhfuil baol ann agus gur mór dóibh a bheith páirteach go leanúnach,' a deir sí.

## Géarchéim rialachais

Cé go bhfuil baol ann go mbeidh ganntanas uisce ann in áiteanna áirithe sa domhan agus baol tuilte in áiteanna eile, níl sé cruinn a bheith ag caint ar ghéarchéim uisce. Ina áit sin, tá *géarchéim rialaithe uisce* romhainn.

Má táthar chun freastal ar riachtanais sochaí atá éifeachtúil ó thaobh acmhainní de agus ar bheagán carbóin, chun forbairt dhaonna agus gheilleagrach a chothú agus chun feidhmeanna riachtanacha éiceachórais uisce a choinneáil ar bun, ní mór dúinn stocaireacht a dhéanamh ar son ár n-éiceachóras ciúin nó guth a thabhairt dóibh. Táimid ag caint ar roghanna polaitiúla – roghanna a chaithfidh a bheith bunaithe ar an gcreat ceart rialtasach agus institiúideach.

Is minic a dhéantar tagairt do scéal an bhuachalla a chuir a mhéar sa damba chun cur síos a dhéanamh ar chineálacha cur chuige éagsúla maidir le cás a bhainistiú. D'fhéadfadh tagairt a bheith á déanamh do ghníomh beag a dhéanamh chun anachain mhór a sheachaint. D'fhéadfadh iarracht chun airíonna a leigheas in áit déileáil leis na cúiseanna a bheith i gceist chomh maith.

Is é fírinne an scéil ná go mbeidh gá le réitigh ar bhainistíocht éifeachtúil uisce ina mbaintear úsáid as gníomhartha agus cinntí i dteannta a chéile ar leibhéil éagsúla, mar a bheidh chun cuid mhaith acmhainní eile a bhainistiú. Ní féidir spriocanna agus gealltanais dhomhanda a athrú ina n-éachtaí tairbhiúla, mura mbíonn daoine ar nós Joep agus Paula ann chun iad a chur i bhfeidhm.


**Réabhlóid na Faisnéise**

Is féidir le satailítí uaireanta níos mó tascanna a dhéanamh ná na tascanna dá dtógadh iad. In éineacht le roinnt comhghleacaithe cruthaitheacha, d'fhorbair Ramon Hanssen, Ollamh le Breathnadóireacht an Domhain ag Ollscoil Teicneolaíochta Delft, córas chun monatóireacht a dhéanamh ar an 17,000 ciliméadar cladán san Ísiltír. Cosnaíonn 5,000 ciliméadar de na cladáin sin muintir na hÍsiltíre ar an bhfarraige agus ar na haibhneacha móra.

Ní fhéadfaí cigireacht a dhéanamh orthu sin go léir go rialta ón talamh. Bheadh sé sin i bhfad róchostasach. Agus na híomhánna radair ó shatailítí Eorpacha breathnóireachta Domhain Envisat agus ERS-2 á n-úsáid, is féidir leis an Ard-Stiúrthóireacht um Oibreacha Poiblí agus Bainistíocht Uisce (Rijkswaterstaat) na cladáin a sheiceáil gach lá. Is féidir an ghluaiseacht is lú a bhrath fiú, toisc go bhfuil na tomhais cruinn go dtí an milliméadar is gaire.

Thug Hanssen 'Hansje Brinker' mar ainm ar an gcoincheap, in onóir an bhuachalla cháiliúil a chuir a mhéar sa chladán chun an Ísiltír a chosaint ar thuilte. An gciallaíonn sé seo nach bhfuil gá leis an gcigireacht a dhéanann an Ard-Stiúrthóireacht a thuilleadh? Ní hamhlaidh an scéal, dar leis an Ollamh Hanssen. Tugann an radar le fios cé na ceantair ar gá aird a dhíriú orthu mar gheall ar ghluaiseacht. Is féidir le cigire na comhordanáidí a chur isteach ina chóras loingseoireachta, rud atá ina fheidhmchlár teicneolaíochta spáis chomh maith, agus leanúint ar aghaidh chun taighde níos mionsonraithe a dhéanamh ar an talamh.





## Le tuilleadh faisnéise a fháil

- Tuarascáil EEA 1/2012: **Towards efficient use of water resources in Europe**. (I dtreo úsáid éifeachtúil acmhainní uisce san Eoraip)

# Agallamh





# Dearcadh Eorpach faoin inbhuanaitheacht

**Trí raon bearta reachtacha, is é cuspóir lucht déanta beartas an AE go mbeidh an Eoraip 'tíosach ar acmhainní'. Ach conas is féidir leis an Eoraip cothromaíocht a bhaint amach idir an geilleagar agus an dúlra? I gcomhthéacs chomhdháil Rio+20, céard a chiallaíonn inbhuanaitheacht don AE agus don domhan forbraíochta? Seo dearcadh amháin.**

Agallamh le Gerben-Jan Gerbrandy

Is ball de Pharlaimint na hEorpa i nGrúpa Chomhghuaillíocht na Liobrálaithe agus na nDaonlathaithe don Eoraip é Gerben-Jan Gerbrandy ó 2009 i leith. Is polaiteoir é ó pháirtí liobrálach na hÍsiltíre 'Democrats 66'. liberal party 'Democrats 66'.

### Céard é an dúshlán is mó don chomhshaol? Conas is féidir linn dul i ngleic leis?

"Tá róshaothrú acmhainní nádúrtha ar an dúshlán is mó atá ann. Tá tomhaltas an duine ag sárú teorainneacha nádúrtha ár bpláinéid. Níl ár modh beathal, go háirithe an tslí atá ár ngeilleagar á fheidhmiú againn, inbhuanaithe.

I gceann fiche nó tríocha bliain, naoi mbilliún a bheidh i ndaonra an domhain agus beidh 70% bia breise uainn. Mar thoradh air sin, is é an dara dúshlán atá ann ná bealaí a aimsiú chun ár ndaonra atá ag fás a chothú fiú agus ganntanas acmhainní ann cheana féin.

D'fhonn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, beidh orainn buntosca ár ngeilleagair a athrú. Mar shampla, ní chuireann ár ngeilleagair luach geilleagrach ar líon mór tairbhí a fhaighimid saor in aisce. Cuirtear luach foraoise san áireamh nuair a athraítear go hadhmad í, ach ní chuirtear nuair atá sí slán. Ba chóir go mbeadh luach acmhainní nádúrtha le feiceáil ar chuma éigin sa gheilleagar."

### An féidir linn buntosca ár ngeilleagair a athrú i ndáiríre?

"Táimid ag obair chun é sin a dhéanamh. Is dóigh liom go bhfuilimid an-ghar do shlite a aimsiú chun luach iomlán acmhainní nádúrtha a áireamh inár ngeilleagar.

Ach níos tábhachtaí fiú, tá trí spreagaí ag cur brú ar thionscail le go mbeidh siad níos tíosaí ar acmhainní. An chéad cheann ná ganntanas acmhainní. Táimid ag breathnú ar rud ar a dtugaim 'réabhlóid thionsclaíoch ghlas'. Cuireann ganntanas acmhainní brú ar chuideachtaí chun próisis athshlánaithe agus athúsáidte acmhainní a bhunú nó slite eile a aimsiú chun acmhainní a úsáid go héifeachtach.

Spreagaí eile is ea brú tomhaltóirí. Féach ar fhógráin. Anois ní labhraíonn déantúsóirí gluaisteán faoi luas a thuilleadh ach faoi fheidhmíocht chomhshaoil. Lena chois sin, tá daoine níos feasaí anois ar íomhá na cuideachta a bhfuil siad ag obair di.

An tríú spreagaí is ea an reachtaíocht. Tá dualgas orainn an reachtaíocht chomhshaoil a fheabhsú go leanúnach mar ní féidir gach ní a bhaint amach trí bhrú ó mhargaí, trí ghanntanas acmhainní agus trí bhrú tomhaltóirí."

## Céard í an toisc is tábhachtaí maidir le roghanna tomhaltóirí a chinneadh?

"An praghas gan aon amhras. I gcás cuid mhór den sochaí, is sócúlacht a bheadh i gceist do dhaoine rogha a dhéanamh ar aon bhonn eile seachas ar bhonn praghais. Ach is féidir, mar sin féin, rogha a dhéanamh táirgí bia séasúracha agus áitiúla, nó táirgí úra a cheannach, agus is minic a bhíonn siad fiú níos saoire. Tá buntáistí soiléire sláinte ann do na daoine sin agus don tsochaí trí chéile.

Braitheann an rogha níos inbhuanaithe ar bhonneagar chomh maith le feasacht daoine ar a dtionchar ar an gcomhshaol. Murab ann do bhonneagar iompair phoiblí, ní féidir linn a bheith ag súil go stopfaidh daoine ag tiomáint chun na hoibre.

Nó, ó thaobh na reachtaíochta de, murar féidir linn míniú a thabhairt ar an tábhacht atá le rialacha nó le dlíthe ar leith, ní dócha gur féidir iad a fhorfheidhmiú. Beidh orainn daoine a chuimsiú agus é a chur ina luí orthu.

Chun a leithéid a dhéanamh is minic go gcaitear feasacht eolaíochta a mhíniú go simplí, ní hamháin chun tairbhe do shaoránaigh ach do lucht déanta beartas chomh maith."

## Cad iad na rudaí a chabhródh le go mbeidh 'rath' ar chomhdháil Rio+20?

"Beidh orainn torthaí tairbhiúla a bhaint amach, mar chomhaontú maidir le creat institiúideach nua nó maidir le sainspriocanna i dtaca leis an ngeilleagar glas. Ach, fiú gan torthaí nithiúla a bhaint amach, is féidir an-tionchar a bheith ag an gcomhdháil.

Táim go mór i bhfabhar cúirt idirnáisiúnta um choireanna comhshaoil a chruthú nó bunús institiúideach a chuirfidh cosc ar sháinneacha mar a bhí ann le déanaí le linn idirbheartaíochtaí comhshaoil.

Beag beann ar an dul chun cinn a dhéantar maidir le hinstitiúidí dá leithéid a bhunú, is céim ollmhór chun cinn í go bhfuil comhréitigh á bplé againn agus go bhfuilimid ag iarraidh iad a aimsiú. Go dtí le déanaí, nuair a bhíodh idirbheartaíochtaí comhshaoil domhanda ar bun, roinntí an domhan in dhá leath: tíortha forbartha agus tíortha i mbéal forbartha.

Creidim go bhfuilimid ag druidim ón gcur chuige dépholach seo. Mar go bhfuil a spleáchas geilleagrach bunaithe go mór ar acmhainní nádúrtha, is iad tíortha i mbéal forbartha na chéad tíortha a mbeidh tionchar ag ganntanas domhanda acmhainní orthu. Má chuireann comhdháil Rio ina luí orthu cleachtais níos inbhuanaithe a ghlacadh, glacfaidh mé leis gur toradh an-rathúil é sin."

## Sa chomhthéacs sin, an féidir leis an Eoraip cabhrú leis an domhan i mbéal forbartha?

"Ní hiad na tíortha forbartha amháin a mbaineann coincheap an gheilleagair ghlais leo; tá scóip níos fairsinge i gceist leis. Faoi láthair, tá an-chuid tíortha ag díol a n-acmhainní nádúrtha ar phraghsanna an-íseal. Tá ionchais ghearrthéarmacha mealltach, ach is féidir go bhfágann siad go bhfuil leasanna na todhchaí á ndíol acu chomh maith le fás na todhchaí.

Ach is dóigh liom go bhfuil athrú ag teacht air sin. Tá imní níos mó ag teacht ar rialtais maidir leis na himpleachtaí fadtéarmacha a ghabhann le heaspórtálacha acmhainní. Tá mórán tionscal i dtíortha i mbéal forbartha tosaithe ag infheistiú san inbhuanaitheacht. Ar nós a

gcomhpháirtithe sa domhan forbartha, tá ganntanas acmhainní le sárú acu. Is dreasacht an-láidir airgeadais é sin do chuideachtaí ar fud an domhain.

I mo thuairimse, is dóigh liom go bhféadfaimis cabhrú trínár margaí talmhaíochta a oscailt agus cabhrú leis na tíortha sin breisluach a ghiniúint. I láthair na huaire, tagann cuideachtaí eachtracha isteach ag eastóscadh acmhainní agus ní mór an t-ionchur geilleagair a bhíonn ann ó dhaoine áitiúla.

Tá tábhacht mhór ag baint leis an talmhaíocht trí chéile. Má fhéachfaimid chun cinn ar na dúshláin a ghabhann le táirgeadh domhanda bia, tá sé soiléir go bhfuil gá againn le níos mó bia, agus go mbeidh orainn éifeachtúlacht táirgthe a mhéadú i dtíortha i mbéal forbartha chuige sin. Déanfaidh méadú ar aschur talmhaíochta i dtíortha i mbéal forbartha a n-iompórtálacha bia a laghdú chomh maith."

## Mar shaoránach Eorpach, céard is brí le 'maireachtáil go hinbhuanaithe' dar leat?

"Sraith rudaí beaga atá i gceist, mar gheansaí a chur ort seachas an teas a ardú, iompar poiblí a úsáid seachas tiomáint, agus gan eitilt más féidir é. Ciallaíonn sé chomh maith mo leanaí féin agus daoine eile a chur ar an eolas faoi choincheap na hinbhuanaitheachta agus na tionchair a ghabhann lena roghanna ó lá go chéile.

Ní féidir liom a rá gur féidir liom eitilt a sheachaint i gcónaí de bharr an phoist atá agam. Ach sin í an chúis go mbeidh orainn eitilt a dhéanamh níos inbhuanaithe chomh maith lenár bpatrúin neamh-inbhuanaithe tomhaltais. Sin é dúshlán an gheilleagair ghlais."



## Tagairtí


Tuarascáil EEA, SOER 2010, *Measúnuithe Téamacha Consumption and the environment* agus *Material resources and waste* (Tomhaltas agus an comhshaol agus Acmhainní agus dramhaíl bunábhair)
**www.eea.europa.eu/soer/europe**

Tuarascáil EEA, SOER 2010, *Assessment of Global Megatrends* (Measúnú ar Mórthreochtaí Domhanda)
**http://www.eea.europa.eu/soer/europe-and-the-world**

Tuarascáil EEA 2012/1, *Towards efficient use of water resources in Europe* (I dtreo úsáid éifeachtach acmhainní uisce san Eoraip)

Rio+20 Comhdháil na Náisiún Aontaithe ar Fhorbairt Inbhuanaithe:
**www.uncsd2012.org/rio20**

Tuarascáil UNEP, 2011, *From Rio to Rio+20*: (Ó Rio go Rio+20:)
**www.unep.org/geo/pdfs/Keeping_Track.pdf**

An Coimisiún Eorpach, 2011, *Roadmap to a resource-efficient Europe* [preceding text in italics] (Treochlár maidir le hEoraip atá tíosach ar acmhainní):
**http://ec.europa.eu/environment/resource_efficiency/pdf/com2011_571.pdf**

Water Footprint Network: **www.waterfootprint.org**

## Teidil chreidiúna na ngrianghraf

**EEA/Ace&Ace:** leathanaigh 27, 28, 35, 42, 45

**EEA/John McConnico:** leathanach 4

**Gülçin Karadeniz:** leathanaigh 1, 9, 25, 37, 41, 70

**Pawel Kazmierczyk:** leathanaigh 53, 54, 62, 69

**Thinkstock photographs:** leathanaigh 10, 14, 18, 22, 31, 57, 61, 66, 74

**Thinkstock/George Doyle:** leathanach 3

**Istock photographs:** leathanaigh 6, 38, 77

**Shutterstock photographs:** leathanaigh 16, 33, 46, 49, 54, 73

**Stockxpert.com photographs:** leathanach 21

**Stockbyte photographs:** leathanach 58

**European Union 2012 EP/Pietro Naj-Oleari:** leathanach 13

**UN Photo/Logan Abassi:** leathanach 65

**IHH Humanitarian Relief Foundation/An Tuirc:** leathanach 50

## Signals 2012

Foilsíonn an Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (EEA) Signals ar bhonn bliantúil, ag soláthar léargais ar shaincheisteanna ar díol spéise iad don díospóireacht chomhshaoil agus don phobal i gcoitinne don bhliain atá romhainn.

In Signals 2012, tugtar saincheisteanna comhshaoil le chéile amhail inbhuanaitheacht, geilleagar glas, uisce, dramhaíl, bia, rialachas agus comhroinnt na faisnéise. Ullmhaítear é i gcomhthéacs Chomhdháil na Náisiún Aontaithe ar Fhorbairt Inbhuanaithe – Rio 2012.

I Signals na bliana seo, tabharfar blaiseadh duit ar an gcaoi ar féidir le tomhaltóirí, lucht déanta beartas agus gnóthaí fadbhreathnaitheacha difríocht a dhéanamh trí uirlisí teicneolaíochta nua – idir bhreithniúcháin satailíte agus ardáin ar líne – a chomhcheangal. Molfar réitigh chruthaitheacha agus éifeachtúla freisin chun an comhshaol a chaomhnú.


### An Ghníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach

Kongens Nytorv 6
1050 Cóbanhávan K
An Danmhairg

Teil.: +45 33 36 71 00
Facs: +45 33 36 71 99

Gréasán: eea.europa.eu
Fiosrúcháin: eea.europa.eu/enquiries



ISBN 978-92-9213-259-0

Publications Office

An Ghníomhaireacht Chomhshaoil Eorpach





TH-AP-12-001-GA-C
10.2800/30983